



Uimhir 20 de 2007

AN tACHT CÓGAISÍOCHTA 2007

[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

Alt

1. Gearrtheideal agus tosach feidhme.
2. Léiriú.
3. Caiteachais.
4. Aisghairm agus cúlghairm.

CUID 2

CUMANN CÓGAISEOIRÍ NA hÉIREANN

5. Sean-Chumann Cógaiseoirí na hÉireann a dhíscaoileadh agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann nua a bhunú.
6. Stádas an Chumainn.
7. Feidhmeanna an Chumainn.
8. Feidhmeanna breise.
9. Cumhachtaí coimhdeacha.

CUID 3

COMHAIRLE AN CHUMAINN

10. Comhairle an Chumainn.
11. Feidhmeanna na Comhairle agus iad a tharmlígean.
12. Cóid iompair: tagairt don Údarás Iomaíochta agus do thoiliú an Aire.

CUID 4

CÓRAS CLÁRÚCHÁIN CÓGAISÍOCHTA

13. Cláir.

14. Nós imeachta agus critéir chun cógaiseoirí a chlárú.
15. Daoine a cláraíodh nó atá i dteideal a gcláráithe faoi reachtaíocht aisghairthe a chlárú.
16. Cáilíochtaí chun cleachtadh.
17. Nós imeachta agus critéir chun gnóthaí cógaisíochta miondíola a chlárú.
18. Gnóthaí cógaisíochta miondíola a rialáil.
19. Iniúchadh ar áitribh de chuid gnó cógaisíochta miondíola chun críocha *alt 18*.
20. Deimhniú clárúcháin.
21. Diúltú clárú: fógra agus achomharc.
22. Cláir a chothabháil agus a cheartú.
23. Fianaise maidir leis na cláir.
24. Rolla na mac léinn cógaisíochta.

CUID 5

CIONTA

25. Léiriú ar *Chuid 5*.
26. Gnó cógaisíochta miondíola a sheoladh: cionta.
27. Duine nádúrtha nó comhpháirtíocht do sheoladh gnó cógaisíochta miondíola.
28. Comhlacht corpraithe do sheoladh gnó cógaisíochta miondíola.
29. Ionadaí do sheoladh gnó cógaisíochta miondíola.
30. Cosaint do chumhdach sealadach ag cúntóir cógaisíochta.
31. Cion arb éard é duine neamhchláráithe do sholáthar cúnamh oilte cógaisíochta.
32. Cion arb éard é duine do thabhairt le tuiscint gur cógaiseoir cláráithe nó drugadóir cláráithe é nó í.

CUID 6

GEARÁIN, FIOSRÚCHÁIN AGUS ARAÍONACHT

33. Léiriú ar *Chuid 6*.
34. Coistí araíonachta.
35. Gearáin faoi chógaiseoirí cláráithe.
36. Gearáin faoi ghnóthaí cógaisíochta miondíola cláráithe.
37. Idirghabháil maidir le gearáin.

38. Gearáin a tharchur chuig an gcoiste réamh-imeachtaí chun comhairle a fháil.
39. Gníomh ag an gComhairle ar chomhairle gan aon ghníomh breise a dhéanamh.
40. An nós imeachta tar éis moladh, nó breith, gníomh eile a dhéanamh.
41. Fógra i dtaobh gearán a tharchur chuig coiste fiosrúcháin agus i dtaobh éisteachta.
42. Éisteachtaí: nós imeachta.
43. Éisteachtaí: fianaise, cumhachtaí, díolúintí, cionta, etc.
44. An nós imeachta tar éis gearán a tharraingt siar.
45. Clárú a fhionraí go heatramhach.
46. Gealltanais agus toilithe.
47. Tuarascáil fiosrúcháin an choiste.
48. Gníomh ón gComhairle ar thuarascáil ón gcoiste araíonachta.
49. Fógra maidir le smachtbhanna araíonachta a fhorchur.
50. Smachtbhanna araíonachta le daingniú ag an Ard-Chúirt.
51. Cumhacht na hArd-Chúirte chun smachtbhanna araíonachta a chealú, etc.
52. An Ard-Chúirt do dhaingniú smachtbhanna araíonachta.
53. Fianaise shaineolach ar dhrochfheidhmíocht ghairmiúil agus ar mhí-iompar gairmiúil.
54. Breith na hArd-Chúirte a bheith críochnaitheach.
55. Fógra a thabhairt i dtaobh bhreith na hArd-Chúirte.
56. Fógra maidir le smachtbhannaí etc. a thabhairt don Aire.
57. Fógra poiblí i dtaobh smachtbhannaí, etc.
58. Pribhléid iomlán maidir le himeachtaí araíonachta, etc.
59. Clárú a chealú ar é sin a iarraidh.
60. Clárú a chealú ar mhainneachtain an táille a íoc.
61. Clárú a chur ar ais ar an gclár.
62. Deireadh a chur le coinníollacha arna bhforchur faoin gCuid seo.
63. Toirmeasc ar chaidrimh eacnamaíochta áirithe idir cógaiseoirí nó cógaslanna agus dochtúirí.
64. Toirmisc ar ghnóthaí miondíola cógaslainne agus cleachtais liachta a sheoladh i gcomhpháirt agus ar mholtaí míchuí.

65. Cosaint maidir le leasanna maoinne áirithe.

CUID 7

CUMHACHTAÍ IMSCRÚDAITHE

66. Mínithe.

67. Cumhachtaí chun dul isteach, cuardach a dhéanamh, urghabháil a dhéanamh, etc.

68. Samplaí.

69. Fianaise.

70. Oifigigh údaraithe a shlánú.

71. Feidhmeanna na Comhairle ar thuarascáil a fháil ar imscrúdú ag oifigeach údaraithe.

72. Pionóis mar gheall ar chionta.

CUID 8

ILGHNÉITHEACH AGUS GINEARÁLTA

73. Srian leis an *Apothecaries Hall Act* 1791.

74. Leasú ar Acht na Nimheanna 1961.

75. Léiriú ar thagairtí do phoitigéirí cógaisíochta, do dhaoine a choimeádann siopa ar oscailt, etc.

76. Cóid, rialacha agus rialacháin.

SCEIDEAL 1

AN CHOMHAIRLE AGUS A COMHALTAÍ AGUS FOSTAITHE AN CHUMAINN

SCEIDEAL 2

AITHEANTAS A THABHAIRT DO CHÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA SA
CHÓGAISÍOCHT

SCEIDEAL 3

DEIMHNIÚ INA LUAITEAR TORTHAÍ TÁSTÁLA, SCRÚDAITHE NÓ ANAILÍSE

SCEIDEAL 4

NA HACHTACHÁIN Á AISGHAIRTEAR

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

Na hAchtanna um Leigheasanna Ainmhithe 1993 agus 2006	
<i>Apothecaries Hall Act</i> 1791	31 Geo. 3., c. 34
An tAcht Féimheachta 1988	1988, Uimh. 27
Acht na gCuideachtaí 1990	1990, Uimh. 33
Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005	
Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003	
An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995	1995, Uimh. 22
Acht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 1993	1993, Uimh. 25
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997	1997, Uimh. 2
An tAcht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanáí) 1976	1976, Uimh. 11
An tAcht um Bord Leigheasra na hÉireann 1995	1995, Uimh. 29
Na hAchtanna um Bord Leigheasra na hÉireann 1995 agus 2006	
Acht na Lia-Chleachtóirí 1978	1978, Uimh. 4
An tAcht um Mí-Úsáid Drugaí 1977	1977, Uimh. 12
Na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí 1977 go 2006	
<i>Partnership Act</i> 1890	53 & 54 Vic., c. 93
<i>Pharmacy Act (Ireland)</i> 1875	38 & 39 Vic., c. 57
<i>Pharmacy Act, (Ireland) Amendment Act</i> 1890	53 & 54 Vic., c. 48
An tAcht Cógaisíochta 1951	1951, Uimh. 30
An tAcht Cógaisíochta 1962	1962, Uimh. 14
Na hAchtanna Cógaisíochta 1875 go 1977	
Acht na Nimheanna 1961	1961, Uimh. 12
Achtanna na Nimheanna 1961 agus 1977	
<i>Poisons and Pharmacy Act</i> 1908	8 Edw. 7., c. 55
An tAcht um Chumhachtaí Aturnae 1996	1996, Uimh. 12
<i>Sale of Food and Drugs Act</i> 1875	38 & 39 Vic., c. 63
An tAcht Comhdhlúite Cánacha 1997	1997, Uimh. 39
Acht na dTrádmharcanna 1996	1996, Uimh. 6



Uimhir 20 de 2007

AN tAcht Cógaisíochta 2007

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO DHÉANAMH SOCRÚ NUA MAIDIR LE CÓGAIŚÍOCHT A RIALÁIL, LENA nÁIRÍTEAR SOCRÚ MAIDIR LE CUMANN CÓGAIŚEOIRÍ NA hÉIREANN A DHÍSCAOILEADH AGUS CUMANN CÓGAIŚEOIRÍ NA hÉIREANN NUA A CHUR AR BUN, MAIDIR LE BUNÚ, COMHDHÉANAMH AGUS FEIDHMEANNA CHOMHAIRLE AN CHUMAINN NUA, MAIDIR LE CÓRAS NUA CLÁRAITHE CÓGAIŚEOIRÍ CÁILITHE, DRUGADÓIRÍ AGUS CÚNTÓIRÍ CÓGAIŚÍOCHTA AGUS CÓGASLANN, MAIDIR LE CIONTA ÁIRITHE A CHRUTHÚ A BHAINÉANN LE CÓGAIŚÍOCHT AGUS MAIDIR LE NÓSANNA IMEACHTA NUA A CHUR AR BUN CHUN A CHINNTIÚ GO bhFUIL CÓGAIŚEOIRÍ FEIDHMIÚIL, AGUS GO LEANFAIDH SIAD DE BHEITH FEIDHMIÚIL, CHUN CLEACHTADH AGUS DO CHOSC CÓGAIŚEOIRÍ, ÚINÉIRÍ CÓGASLANN AGUS LIACHLEACHTÓIRÍ Ó CHAIDRIMH MHÍCHUI ÁIRITHE A DHÉANAMH; AGUS DO DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.

[21 Aibreán, 2007]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

CUID 1

RÉAMHRÁITEACH AGUS GINEARÁLTA

1.—(1) Féadfar an tAcht Cógaisíochta 2007 a ghairm den Acht seo. Gearrtheideal agus tosach feidhme.

(2) Tíocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríche nó forála áirithe agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

2.—(1) San Acht seo—

Léiriú.

ciallaíonn “Cuideachta” cuideachta de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2005;

ciallaíonn “Comhairle” an Chomhairle a bhunaítear le *halt 10*;

ciallaíonn “Treoir” Treoir 2001/83/CE an 6 Samhain 2001 maidir le cód Comhphobail a bhaineann le táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine, arna leasú;

ciallaíonn “cumhacht mharthanach aturnae” cumhacht aturnae de réir bhrí alt 2 den Acht um Chumhachtaí Aturnae 1996, ar cumhacht mharthanach í arna forléiriú de réir alt 5 den Acht sin;

tá le “táirge íocshláinte” an bhrí chéanna atá leis sa Treoir ach amháin nach bhfolaíonn sé, go dtí an 30 Aibreán 2011, táirgí íocshláinte luibhe ná táirgí íocshláinte hoiméapaiteacha;

ciallaíonn “Aire” an tAire Sláinte agus Leanaí;

ciallaíonn “cúntóir cógaisíochta” duine a bhí, roimh theacht i ngníomh *alt 4(1)* den Acht seo, inniúil, faoi alt 19 den *Pharmacy Act, (Ireland) Amendment Act 1890* chun gnó cógaiseora a dhéanamh fad atá an cógaiseoir as láthair go sealadach;

ciallaíonn “úinéir cógaslainne” duine a sheolann gnó cógaisíochta miondíola agus, sa cháil sin, atá i dteideal brabúis an ghnó a fháil agus a dhlíonn caillteanas an ghnó a iompar agus ciallaíonn “cógaslann”, nuair a úsáidtear é i ndáil le húinéir cógaslainne, gnó cógaisíochta miondíola;

ciallaíonn “cleachtas” cleachtas a sheoladh mar chógaiseoir cláraithe;

ciallaíonn “forordaithe” forordaithe le rialacha arna ndéanamh ag an gComhairle;

ciallaíonn “clár” clár arna bhunú agus arna chothabháil faoi *alt 13* agus forléireofar “cláraithe” agus abairtí comhghaolmhara dá réir;

ciallaíonn “lia-chleachtóir cláraithe” duine a bhfuil a ainm nó a hainm arna thairgeadh i gClár Ginearálta na Lia-Chleachtóirí a bunaíodh faoi Acht na Lia-Chleachtóirí 1978;

ciallaíonn “gnó cógaisíochta miondíola” gnó (nach cleachtas gairmiúil é arna sheoladh ag lia-chleachtóir ginearálta nó ag fiaclóir cláraithe) arb é atá ann, nó ina n-áirítear, táirgí íocshláinte, seachas táirgí íocshláinte atá ar liosta ginearálta díolachán, a dhíol nó a sholáthar (cibé acu a dhíoltar nó nach ndíoltar nó a sholáthraítear nó nach soláthraítear na táirgí sin atá ar liosta den sórt sin i gcúrsa an ghnó);

ciallaíonn “díol” díol trí mhiondíol;

tá le “an Cumann” an bhrí a shanntar dó le *halt 5*;

tá le “an sean-Chumann” an bhrí a shanntar dó le *halt 5*;

ciallaíonn “soláthar”, i ndáil le táirge íocshláinte, an táirge a sholáthar (seachas ar mhodh díola) do dhuine a fhaigheann é chun críche seachas—

(a) é a dhíol nó a sholáthar, nó

(b) é a fhriotháil nó a chur faoi deara é a fhriotháil ar dhuine eile,

i gcúrsa gnó nó gairme.

(2) Folaíonn tagairtí san Acht seo do dhíol agus do sholáthar, nó do dhíol nó do sholáthar, táirge íocshláinte tagairtí don táirge íocshláinte a choinneáil, a ullmhú, a chumasc nó a urghnamh.

(3) Chun críocha an Achta seo, measfar, maidir le dhá áitreabh nó níos mó atá scartha agus ar leithligh óna chéile, gur áitribh ar leithligh iad d’ainneoin gur codanna den fhoirgneamh céanna iad.

(4) Ní bheidh feidhm ag *fo-alt* (3) maidir le *hailt* 63 agus 64.

(5) Sa mhíniú ar “gnó cógaisíochta miondíola” i *bhfo-alt* (1), ciallaíonn “táirgí íocshláinte ar liosta ginearálta díolachán” táirgí íocshláinte a fhéadfar a dhíol faoi alt 32(2)(m)(ii) den Acht um Bord Leigheasra na hÉireann 1995.

3.—Déanfar na caiteachais a thabhoídh an tAire ag riaradh an Achta seo a íoc, a mhéid a cheadóidh an tAire Airgeadais, as airgead a sholáthróidh an tOireachtas. Caiteachais.

4.—(1) Aisghairtear na hachtacháin a shonraítear i *Sceideal* 4. Aisghairm agus cúlghairm.

(2) Cúlghairtear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíochtaí Cógaisíochta a Aithint) 1987 go 2004.

CUID 2

CUMANN CÓGAISEOIRÍ NA hÉIREANN

5.—(1) Díscaoiltear leis seo Cumann Cógaiseoirí na hÉireann arna chomhdhéanamh agus arna chorprú le halt 4 den *Pharmacy (Ireland) Act 1875* (dá ngairtear “an sean-Chumann” san Acht seo). Sean-Chumann Cógaiseoirí na hÉireann a dhíscaoileadh agus Cumann Cógaiseoirí na hÉireann nua a bhunú.

(2) Déantar comhlacht ar a dtabharfar Cumann Cógaiseoirí na hÉireann nó, sa Bhéarla, *The Pharmaceutical Society of Ireland* (dá ngairtear “an Cumann” san Acht seo) a bhunú leis seo in ionad an tsean-Chumainn.

(3) Is comhalta den Chumann gach cógaiseoir cláraithe.

(4) Déantar cearta, maoin agus dliteanais uile an tsean-Chumainn a aistriú chuig an gCumann.

(5) Tagann an Cumann chun bheith ina fhostóir ag gach duine a bhí ina fhostaí nó ina fostaí de chuid an tsean-Chumainn díreach sular díscaoileadh é agus fostóidh an Cumann gach duine díobh ar théarmaí agus ar choinníollacha nach lú fabhar ná na téarmaí agus na coinníollacha a bhí infheidhme maidir leis na fostaíthe an tráth sin.

(6) Déantar—

(a) in aon imeachtaí i gcúirt nó i mbinse, agus

(b) in aon chonradh nó in aon chomhaontú eile,

ar páirtí iontu nó ann an sean-Chumann, an Cumann a chur in ionad an tsean-Chumainn.

(7) Déanfar aon tagairtí don sean-Chumann—

- (a) a tharlaíonn in aon achtachán a ritheadh nó a rinneadh sula ritear an tAcht seo, agus
- (b) a bhaineann le haon ní a thiocthaidh faoi chúram an Chumainn de bhua an Achta seo,

a fhorléiriú mar thagairtí don Chumann.

(8) Aon ní a rinne an sean-Chumann, a rinneadh thar a cheann nó a rinneadh ina leith agus a bhaineann le haon ní a thiocthaidh faoi chúram an Chumainn de bhua an Achta seo pléifear leis amhail is dá mba ag an gCumann, thar ceann an Chumainn nó ina leith, a rinneadh é.

(9) Déanfar achtacháin a fhorléiriú agus a chur chun feidhme, a mhéid is féidir déanamh amhlaidh, ar shlí lena mbainfear leanúnachas amach idir feidhmeanna an tsean-Chumainn agus, a mhéid a bheidh siad ar aon dul le chéile, feidhmeanna an Chumainn.

(10) Níl dleacht stampa inmhuirearaithe ar ionstraim faoina n-aistrítear aon mhaoin atá ar úinéireacht ag an sean-Chumann chuig an gCumann.

(11) Chun críocha na nAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil (de réir bhrí alt 1 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997), ní gnóchan inmhuirearaithe aon ghnóchan a fhabhróidh chuig an sean-Chumann ar dhiúscairt a dhéanfar de bhua an ailt seo.

Stádas an Chumainn.

6.—(1) Beidh an Cumann ina chomhlacht corpraithe agus beidh comharbas suthain agus séala oifigiúil aige.

(2) Fíordheimhneofar séala oifigiúil an Chumainn—

- (a) le síniú 2 chomhalta den Chomhairle, nó
- (b) le síniú comhalta den Chomhairle agus fostaí den Chumann,

a bheidh údaraithe ag an gComhairle chun síniú chun na críche sin.

(3) Tabharfar aird bhreithiúnach ar shéala oifigiúil an Chumainn agus glacfar i bhfianaise aon doiciméad a airbheartóidh gur ionstraim é a rinne agus a shéalaigh an Cumann agus, go dtí go suífear a mhalairt, measfar gurb é an ionstraim sin é gan tuilleadh cruthúnais.

(4) Beidh cumhacht agartha ag an gCumann agus beidh sé inagartha faoina ainm corpraithe.

(5) Féadfaidh an Cumann talamh agus maoin eile a fháil, a shealbhú agus a aistriú.

Feidhmeanna an Chumainn.

7.—(1) Is iad na príomhfheidhmeanna a bheidh ag an gCumann—

- (a) gairm na cógaisíochta sa Stát a rialú ag féachaint don ghá atá ann sláinte agus sábháilteacht an phobail a chosaint, a chothabháil, agus a chur chun cinn,

- (b) ardchaighdeán oideachais agus oiliúna a chur chun cinn agus a chinntiú le haghaidh daoine atá ag iarraidh a bheith ina gcógaiseoirí,
- (c) a chinntiú go bhfaighidh na daoine agus na cógaiseoirí sin an taithí chuí,
- (d) a chinntiú go ndéanfaidh cógaiseoirí forbairt leanúnach ghairmiúil chuí, lena n-áirítear speisialtóireacht a fháil, agus
- (e) ar shlí eile maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an Achta seo agus na n-ionstraimí a dhéanfar faoi.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, ach faoi réir fhorálacha eile an Achta seo—

- (a) is é dualgas an Chumainn—
 - (i) na cláir a choimeád,
 - (ii) na critéir le haghaidh clárúcháin a chinneadh agus a fheidhmiú,
 - (iii) cóid iompair le haghaidh cógaiseoirí a tharraingt suas,
 - (iv) cláir oideachais agus oiliúna a chinneadh, a cheadú, agus a choimeád faoi athbhreithniú, ar cláir iad a bheidh oiriúnach chun a chumasú do dhaoine a bheidh ag déanamh iarratais ar chlárú na critéir sin a bhaint amach, agus chun a chumasú do chógaiseoirí na cóid sin a chomhlíonadh,
 - (v) cibé faisnéis agus comhairle a thabhairt don Aire maidir leis na nithe sin a bhaineann lena fheidhmeanna agus a iarrfaidh an tAire,
 - (vi) gníomhú mar an t-údarás inniúil chun cáilíochtaí cógaisíochta a fuarthas i mBallstáit nó a aithníonn Ballstáit a aithint go frithpháirteach agus chun críocha na Treorach um Cháilíochtaí Gairmiúla,
 - (vii) gníomh oiriúnach a thionscnamh chun gairm na cógaisíochta a fheabhsú.
- (b) Beidh cumhacht ag an gCumann—
 - (i) fiosrúcháin a dhéanamh maidir le cáilíochtaí daoine agus feidhmiúlacht daoine chun cleachtadh,
 - (ii) smachtbhannaí a fhorchur ar chógaiseoirí arb é a bhreith (cibé acu i ndiaidh fiosrúcháin nó nach ea) iad a bheith neamhcháilithe nó neamhfheidhmiúil chun chleachtadh,
 - (iii) smachtbhannaí a fhorchur ar úinéirí cógaslann arb é a bhreith (cibé acu tar éis fiosrúcháin a dhéanamh nó nach ea) gur mhainnigh siad rialacháin faoi *alt 18* a chomhlíonadh,

- (iv) scrúduithe a stiúradh nó socrú a dhéanamh chun scrúduithe a stiúradh ar dhaoine atá ag déanamh iarratais, nó a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh, ar chlárú,
- (v) cibé comhairle nó faisnéis a thabhairt don Aire maidir le nithe a bhaineann lena fheidhmeanna agus is cúf leis an gCumann,
- (vi) malartú faisnéise a éascú idir a chuid comhaltaí i dteannta a chéile nó idir aon earnáil díobh agus daoine den phobal a úsáideann a gcuid seirbhísí nó a chuid seirbhísí, nó a d'fhéadfadh iad a úsáid,
- (vii) ráitis phoiblí a dhéanamh faoi aon ghné den chógaisíocht lena mbaineann a fheidhmeanna,
- (viii) airgead a fháil ar iasacht,
- (ix) daoine a údarú chun na cumhachtaí a fheidhmiú maidir le dul isteach agus cigireacht a dhéanamh, etc., ar dhrugaí agus ar dhoiciméid, mar atá leagtha amach in alt 24 den Acht um Mí-Úsáid Drugaí 1977,
- (x) daoine a cheapadh mar oifigigh údaraithe chun críocha an Achta um Bord Leigheasra na hÉireann 1995 agus barántais a thabhairt dóibh, agus é sin go léir mar atá leagtha amach in alt 32B den Acht sin.

(3) I *bhfo-alt (2)(a)(ii)* agus *(iv)*, folaíonn “clárú” clárú leantach.

Feidhmeanna breise.

8.—Féadfaidh an tAire, le hordú—

- (a) cibé feidhmeanna breise a thabhairt don Chumann, a mbeidh baint acu leis na feidhmeanna atá aige,
- (b) cibé foráil a dhéanamh a bheidh coimhdeach le feidhmiú na cumhachta faoi *mhír (a)*,

is cúf leis an Aire.

Cumhachtaí coimhdeacha.

9.—(1) Beidh na cumhachtaí sin go léir ag an gCumann is gá nó is fóirsteanach chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh aige.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* nó *alt 7* nó *8*, féadfaidh an Cumann—

- (a) taighde ar na nithe seo a leanas a sheoladh nó a choimisiúnú agus a mheas—
 - (i) oideachas agus oiliúint (lena n-áirítear curaclaim thrialacha a leagan amach agus a thástáil),
 - (ii) próisis scrúdúcháin agus measúnachta,
- (b) staidreamh a choimeád agus a fhoilsiú,

i ndáil le cógaisíocht.

CUID 3

COMHAIRLE AN CHUMAINN

10.—(1) Beidh Comhairle ag an gCumann.

Comhairle an
Chumainn.

(2) 21 duine a bheidh sa Chomhairle ar daoine iad a bheidh ceaptha ag an Aire.

(3) Maidir leis an 21 duine sin—

- (a) ainmneoidh Bord Leigheasra na hÉireann duine díobh mar ionadaí do bhainistíocht rialáil táirgí focshláinte,
- (b) ainmneoidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte duine díobh mar ionadaí do bhainistíocht na hearnála sláinte poiblí,
- (c) beidh duine amháin díobh ina dhuine nó ina duine ar dealraitheach don Aire é nó í a bheith ionadaitheach do sholáthar na forbartha gairmiúla leanúnaí i ndáil le cógaisíocht,
- (d) beidh 3 díobh ina ndaoine ag a bhfuil cibé cáilíochtaí, saineolas, leasanna nó taithí (nó cibé teaghlaim de chinn díobh) a chuirfeadh ar a gcumas, i dtuairim an Aire, fónamh go substaintiúil do chomhlíonadh fheidhmeanna an Chumainn,
- (e) beidh 11 díobh (lena n-áirítear na daoine dá dtagraítear i *míreanna (a)* go *(d)*) ina ndaoine nach bhfuil agus nach raibh riamh—
 - (i) cláraithe mar chógaiseoirí ná (roimh theacht i ngníomh do *Chuid 4*) mar phoitigéirí cógaisíochta ná mar phoitigéirí agus drugadóirí urghnaimh, ná
 - (ii) cláraithe lasmuigh den Stát, nó cáilithe ansin ar shlí eile, mar chógaiseoirí,
- (f) beidh 9 díobh ina gcomhaltaí, de réir rialachán arna ndéanamh faoi *alt 11(2)(b)*, den Chumann arna roghnú ag a chomhaltaí, agus
- (g) beidh duine díobh ina chomhalta nó ina comhalta den Chumann arna roghnú mar ionadaí do bhunachais oideachais tríú leibhéal a sheolann oideachas, oiliúint nó taighde sa chógaisíocht—
 - (i) ag déin scoileanna cógaisíochta na mbunachas sin (lena n-áirítear, i gcás nach mbeidh aon déan den sórt sin ann, ag an duine arb ionann a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus feidhmeanna a d'fhéadfadh déan a chomhall, nó arb iad a fheidhmeanna nó a feidhmeanna is mó a d'fhreagródh dóibh siúd a d'fhéadfadh déan a chomhall), agus
 - (ii) ag cinn na mbunachas sin.

(4) Le linn—

- (a) ainmniúcháin a dhéanamh faoi *fho-alt (3)(a)* agus (b), déanfaidh na comhlachtaí dá dtagraítear ansin, agus
- (b) ceapacháin a dhéanamh a dhéanamh de bhun *fho-alt (3)(c), (d)* agus (e), déanfaidh an tAire,

aird a thabhairt ar a inmhianaithe a bheidh sé a chinntiú go mbeidh na daoine a ainmneofar nó, de réir mar a bheidh, a cheapfar ionadaitheach do leas an phobail freisin.

(5) I ndáil leis an gcéad Chomhairle a cheapfar i ndiaidh bhunú an Chumainn, is comhaltaí de Chomhairle an tsean-Chumainn iad an 9 nduine dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(f)* arna roghnú chun críocha an ailt seo ag comhaltaí Chomhairle an tsean-Chumainn roimh a urscaoileadh.

(6) Beidh feidhm ag *Sceideal 1* i ndáil leis an gComhairle agus lena cuid comhaltaí agus le fostaithe an Chumainn.

(7) Ní ceadmhach don Aire diúltú duine a cheapadh chun na Comhairle is duine a ainmníodh faoi *mhír (a)* nó (b) *d'fho-alt (3)* nó faoi *mhír (f)* (arna léamh le *fo-alt (5)*) nó (g) *d'fho-alt (3)*.

Feidhmeanna na Comhairle agus iad a tharmligean.

11.—(1) Faoi réir an Achta seo, is í an Chomhairle a chomhlíonfaidh feidhmeanna an Chumainn thar a cheann.

- (2) Féadfaidh an Chomhairle rialacha a dhéanamh—
 - (a) chun aon rud a rialáil nó a fhorordú, is rud a fhéadfar a fhorordú de réir aon fhorála den Acht seo,
 - (b) chun cibé foráil is cuí léi a dhéanamh chun comhlíonadh a cuid feidhmeanna faoin Acht seo a éascú.
- (3) Déanfaidh an Chomhairle rialacha chun aon rud a bhaineann le hoideachas nó le hoiliúint agus a bheidh le forordú de réir an Achta seo a rialáil nó a fhorordú.
- (4) Ní ceadmhach don Chomhairle rialacha a dhéanamh faoi *fho-alt (2)* nó (3) chun aon chriche dá bhféadfaidh an tAire rialacháin a dhéanamh faoi *alt 18*.
- (5) Beidh rialacha arna ndéanamh faoi *fho-alt (2)* nó (3) faoi réir thoiliú an Aire agus, nuair a bheidh siad déanta ag an gComhairle, déanfaidh sí—
 - (a) iad a chur faoi bhráid an Aire lena leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus
 - (b) iad a fhoilsiú ar cibé modh a chinnfidh sí.
- (6) Déanfaidh an Chomhairle, ar an modh forordaithe—
 - (a) dréacht a fhoilsiú de na rialacha a bheartaíonn sí a dhéanamh faoin alt seo, agus
 - (b) mar aon leis an dréacht, iarraidh a fhoilsiú don phobal chun go ndéanfaidís trácht ar an dréacht faoi cibé dáta a shonraítear san iarraidh.
- (7) Beidh cibé feidhmeanna breise ag an gComhairle a shanntar di leis an Acht seo nó faoi.

(8) Féadfaidh an Chomhairle aon cheann dá feidhmeanna a tharmligean chuig aon cheann dá coistí nó chuig an gcláraitheoir nó chuig aon fhostaí eile den Chumann agus, i gcás go dtarmligfidh sí feidhm do choiste, leathnófar sainchúram an choiste faoin Acht seo dá réir sin.

12.—(1) Le linn an fheidhm dá dtagraítear in *alt 7(2)(a)(iii)* a chomhlíonadh, déanfaidh an Chomhairle—

Cóid iompair:
tagairt don Údarás
Iomaíochta agus do
thoiliú an Aire.

- (a) sula dtabharfaidh sí éifeacht do chód iompair, dréacht de a chur faoi bhráid an Údaráis Iomaíochta chun a thuairim a fháil faoin dóigh go ndéanfaí iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh de thoradh aon fhorála den dréachtchód, dá dtabharfaí éifeacht di, agus
- (b) a iarraidh go dtabharfar an tuairim i scríbhinn don Chomhairle roimh an dáta a bheidh sonraithe san iarraidh.

(2) Más rud é, roimh an dáta sin, go bhfaigheann an Chomhairle tuairim scríofa ón Údarás Iomaíochta gur dóigh go mbeadh an toradh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* ar fhoráil den dréachtchód, dá dtabharfaí éifeacht di, déanfaidh an Chomhairle—

- (a) agus an tuairim á cur i gcuntas, an dréachtchód a athrú ionas go gcuirfear an toradh sin ar ceal, nó
- (b) mura n-athraíonn siad an dréachtchód amhlaidh, cóip den tuairim, agus ráiteas scríofa ar na cúiseanna a bhí aici gan an dréachtchód a athrú faoi *mhír (a)*, a sholáthar don Aire nuair a bheidh sé á chur faoi bhráid an Aire le haghaidh a thoilithe nó a toilithe faoi *fho-alt (3)*.

(3) Beidh cód iompair faoi réir thoiliú an Aire.

(4) Beidh feidhm freisin ag *fo-ailt (1)* go (3) i ndáil le leasú ar chód iompair agus (ach tagairtí do thogra chun cód iompair a chúlghairm a chur in ionad na dtagairtí sna fo-ailt sin don dréachtchód nó aon d'fhoráil a bheidh ann) i ndáil le cód iompair a chúlghairm.

(5) A luaithe is indéanta tar éis éifeacht a thabhairt do chód iompair, déanfaidh an Chomhairle—

- (a) é a fhoilsiú ar cibé modh a chinnfidh sí, agus
- (b) é a chur faoi bhráid an Aire lena leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

CUID 4

CÓRAS CLÁRÚCHÁIN CÓGAISÍOCHTA

13.—(1) Comhlíonfaidh an Chomhairle an fheidhm dá dtagraítear in *alt 7(2)(a)(i)* trí na nithe seo a leanas a dhéanamh—

Cláir.

- (a) clár a bhunú, a luaithe is indéanta tar éis bhunú an Chumainn, le haghaidh gach ceann díobh seo a leanas:
 - (i) cógaiseoirí;

- (ii) drugadóirí;
- (iii) cúntóirí cógaisíochta;
- (iv) gnóthaí cógaisíochta miondíola,

- (b) maidir le gach ceann de na cláir a luaitear i *bhfomhíreanna* (i) go (iii) de *mhír* (a) (na “cláir phearsanta”), ainm gach duine, agus faisnéis shonraithe eile a bhaineann le gach duine, atá i dteideal a chláráithe nó a cláraithe ann a thaifeadadh ann,
- (c) na nithe seo a leanas a thaifeadadh sa chlár gnóthaí cógaisíochta miondíola—
 - (i) seoladh an áitribh ina bhfuil an gnó á sheoladh nó le seoladh,
 - (ii) an t-ainm faoina bhfuil sé á sheoladh nó le seoladh,
 - (iii) ainm úinéir na cógaslainne, agus
 - (iv) i gcás gur comhlacht corpraithe úinéir na cógaslainne, ainm an chógaiseora a shonraítear faoi *alt 28(a)*,
- (d) na cláir a chothabháil ar shlí eile,
- (e) a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá sna cláir ar fáil, gan mhúirear, don phobal gach tráth réasúnach.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)(e)*, foilseoidh an Chomhairle gach clár trí na meáin seo a leanas—

- (a) an tIdirlíon, agus
- (b) ar a laghad modh foilsithe amháin eile,

laistigh de 12 mhí tar éis an clár a bhunú agus i gceann tréimhsí nach faide ná 12 mhí dá éis sin.

(3) Ní bhaineann na dualgais a fhorchuirtear le fo-ailt (1)(e) agus (2) le seoltaí baile, uimhreacha teileafóin agus seoltaí ríomhphoist pearsana aonair ná le faisnéis eile dá samhail ina dtaobh a measann an Chomhairle, ar mhaithe le slándáil agus príobháideacht na bpearsana aonair sin, nár chóir í a fhoilsiú.

Nós imeachta agus critéir chun cógaisíochta a chlárú.

14.—(1) Déanfaidh an Chomhairle duine a chlárú i gclár na gcógaisíochta más rud é, maidir leis an duine sin—

- (a) go ndéanann sé nó sí iarratas a chomhlíonann na ceanglais fhorordaithe i ndáil le hiarratas den sórt sin,
- (b) go gcomhlíonann sé nó sí aon cheanglas a fhorchuirfidh an Chomhairle—
 - (i) chun aon ní a bheidh san iarratas a fhíorú,
 - (ii) chun aon fhaisnéis bhreise i ndáil leis an iarratas a sholáthar,
 - (iii) chun dearbhú reachtúil a dhéanamh lena soláthrófar an fhaisnéis sin,

- (c) go n-íocann sé nó sí an táille fhorordaithe leis an gComhairle,
- (d) go ndeimhníonn sé nó sí don Chomhairle go bhfuil sé nó sí feidhmiúil chun bheith ina chógaiseoir nó ina cógaiseoir cláraithe,
- (e) go bhfuil cáilíocht chuí aige nó aici chun cleachtadh de réir *alt 16*,
- (f) nach féimheach neamhurscaoilte é nó í,
- (g) go ndeimhníonn sé nó sí don Chomhairle, i gcás nach náisiúnach den Stát nó de Bhallstát eile é nó í, go bhfuil an inniúlacht teanga aige nó aici is gá chun bheith ina chógaiseoir nó ina cógaiseoir cláraithe sa Stát,
- (h) más náisiúnach den Stát nó de Bhallstát eile é nó í agus mura bhfuil an inniúlacht teanga sin aige nó aici, go dtugann sé nó sí gealltanais í a bhaint amach.

(2) Le linn a chinneadh an bhfuil duine feidhmiúil chun bheith ina chógaiseoir nó ina cógaiseoir cláraithe, cuirfidh an Chomhairle san áireamh—

- (a) faoi dhlí stáit eile—
 - (i) an bhfuil toirmisceithe ar an duine aon ghníomhaíocht a sheoladh sa stát sin a fhreagraíonn do chleachtadh cógaiseora nó do sheoladh gnó cógaisíochta miondíola, nó
 - (ii) an bhfuil an duine arna chiontú nó arna ciontú sa stát sin i gcion de chineál ag a bhfuil baint, i dtuairim na Comhairle, le feidhmiúlacht an duine chun cleachtadh,
- (b) faoi dhlí an Stáit nó stáit eile, an bhfuil toirmisceithe ar an duine aon chleachtadh, gairm nó slí bheatha a sheoladh ar dealraitheach don Chomhairle gurb éard é nó í nó gurb éard é nó í go príomha cúram nó seirbhísí sláinte nó cúram nó seirbhísí sóisialacha a sholáthar.

(3) Le linn duine a chlárú a thugann gealltanais faoi *fho-alt (1)(h)*, féadfaidh an Chomhairle coinníoll a fhorchur go bhfaighidh an duine an inniúlacht teanga dá dtagraítear san fhoráil sin sula gcleachtfaidh sé nó sí ar shlí lena ngabhann plé díreach leis an bpobal.

(4) Le linn duine a chlárú ar cáilíocht lena mbaineann *alt 16(2)(b)* a cháilíocht nó a cáilíocht chun cleachtadh, féadfaidh an Chomhairle coinníoll a fhorchur nach foláir do chógaiseoir cláraithe a shonraítear sa choinníoll cleachtadh an duine a mhaoirsiú ar feadh cibé tréimhse a shonraítear amhlaidh.

(5) Tá feidhm ag *fo-alt (1)* go (4) freisin i leith clárú leantach duine i gclár pearsanta.

(6) Níl feidhm ag an alt seo i leith céadchlárú duine, lena mbaineann *alt 15(1)*.

(7) Níl feidhm ag *fo-alt (1)(d)* go (g) i leith céadchlárú duine, ar duine é nó í—

- (a) a tháinig chun bheith, aon tráth le linn na tréimhse 6 mhí díreach roimh dhíscáoileadh an iar-Chumainn (dá ngairtear an “díscáoileadh” san alt seo), i dteideal a chláráithe nó a cláráithe de réir mar a luaitear in achtachán dá dtagraítear in *alt 15 (1)(a)* agus a bhí, díreach roimh an díscáoileadh, i dteideal amhlaidh go fóill ach nár cláraíodh amhlaidh riamh, nó
- (b) a bhí, díreach roimh an díscáoileadh, ina cheadúnach nó ina ceadúnach de Halla na bPoitigéirí dár deonaíodh deimhniú faoin *Apothecaries Hall Act 1791* roimh an 31 Nollaig 1975 chun gnó poitigéara a dhéanamh.

(8) San alt seo, ciallaíonn “stát eile” stát seachas an Stát.

Daoine a cláraíodh nó atá i dteideal a gcláráithe faoi reachtaíocht aisghairthe a chlárú.

15.—(1) Déantar foráil le *fo-ailt (2)* agus *(3)* maidir le duine—

- (a) a bhí, díreach roimh dhíscáoileadh an iar-Chumainn (dá ngairtear an “díscáoileadh” san alt seo), cláráithe—
 - (i) mar phoitigéir cógaisíochta faoin *Pharmacy Act (Ireland) 1875* nó mar phoitigéir agus drugadóir urghnaimh faoin Acht Cógaisíochta 1951,
 - (ii) mar dhrugadóir faoin *Pharmacy Act, (Ireland) Amendment Act 1890*,
- (b) a bhí, roimh an díscáoileadh, ina chúntóir nó ina cúntóir cógaisíochta.

(2) A luaithe is indéanta tar éis an díscáoilte, déanfaidh an Chomhairle—

- (a) i gcás duine lena mbaineann *fo-alt (1)(a)(i)*, an duine a chlárú i gclár na gcógaiseoirí,
- (b) i gcás duine lena mbaineann *fo-alt (1)(a)(ii)*, an duine a chlárú i gclár na ndrúgadóirí,
- (c) i gcás duine lena mbaineann *fo-alt (1)(b)*, an duine a chlárú i gclár na gcúntóirí cógaisíochta.

(3) Aon duine a bheidh le clárú faoi *fho-alt (2)* measfar, chun gach críche ach amháin críocha an fho-ailt sin, gur cláraíodh amhlaidh é nó í díreach ar an díscáoileadh.

Cáilíochtaí chun cleachtadh.

16.—(1) Beidh ag duine cáilíocht is cuí chun cleachtadh má bhíonn an oiliúint fhorordaithe agus an t-oidéachas forordaithe faighte aige nó aici sa Stát agus má tá na cáilíochtaí forordaithe aige nó aici.

(2) Aon duine a dhéanann iarratas ar chlárú i gclár na gcógaiseoirí agus nach bhfuil cáilíocht aige nó aici is cuí chun cleachtadh mar chógaiseoir de bhua *fho-alt (1)*, measfar cáilíocht is cuí chun cleachtadh a bheith aige nó aici, más rud é—

- (a) gur náisiúnach é nó í de stát iomchuí agus go sásaíonn sé nó sí an Chomhairle maidir le ceann de na ceanglais atá leagtha amach i *bhfo-ailt (3)* go *(5)*, nó

- (b) go bhfuil oiliúint agus oideachas den sórt sin faighte aige nó aici i dtríú tír, gur ghnóthaigh sé nó sí cibé scrúduithe agus go bhfuair sé nó sí cibé cáilíochtaí atá, i dtuairim na Comhairle, ar chaighdeán nach ísle ná na caighdeáin sin is gá chun cleachtadh sa Stát.

(3) Is é an chéad cheanglas de na ceanglais dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)(a)* go bhfuil ag an duine dioplóma, teastas nó cruthúnas eile ar cháilíocht fhoirmiúil sa chógaisíocht a bheidh dáfa tar éis oiliúna de réir Airteagal 44 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla agus dá dtagraítear in Iarscríbhinn V, pointe 5.6.2, a ghabhann leis an Treoir sin.

(4) Is é an dara ceanglas de na ceanglais sin go bhfuil ag an duine cruthúnas ar na cáilíochtaí foirmiúla mar chógaiseoir dá dtagraítear in Airteagal 23 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla agus gur duine é nó í a bhfuil deimhniú eisithe ina leith ag údarás inniúil á rá go raibh sé nó sí ag gabháil go héifeachtach agus go dleathach do ghníomhaíochtaí cógaiseora ar feadh 3 bliana as a chéile ar a laghad i gcaitheamh na 5 bliana sular eisíodh an deimhniú.

(5) Is é an tríú ceanglas de na ceanglais sin ná go bhfuil ag an duine—

- (a) dioplóma, deimhniú nó cruthúnas eile ar cháilíocht fhoirmiúil mar chógaiseoir arna dhámhachtain ag údarás inniúil tríú tír, agus go bhfuil an dioplóma, an deimhniú nó an cruthúnas eile aitheanta ag stát iomchuí chun go mbeadh duine ina chógaiseoir nó ina cógaiseoir sa stát sin, agus
- (b) taithí trí bliana ar a laghad ar chleachtadh mar chógaiseoir sa stát sin arna deimhniú de réir Airteagal 3.3 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla.

(6) Féadfaidh an Chomhairle—

- (a) d'fhonn í féin a chur ar an eolas chun críocha *bhfo-alt (2)(b)* maidir leis an gcaighdeán oiliúna, oideachais, scrúduithe agus cáilíochtaí i stát eile, a cheangal ar dhuine lenar dealraitheach go mbaineann an fhoráil sin dul faoi scrúdú,
- (b) in aon chás go bhfuil aon amhras uirthi maidir le ní dá dtagraítear san fhoráil sin, a cheangal ar dhuine lenar dealraitheach go mbaineann an fhoráil sin dul faoi cibé oiliúint a shonróidh sí.

(7) Déantar socrú breise le *Sceideal 2* maidir le cáilíochtaí gairmiúla sa chógaisíocht a aithint.

(8) San alt seo—

ciallaíonn “údarás inniúil”, i ndáil le stát iomchuí, an t-údarás arna ainmniú de réir Airteagal 56.3 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla;

ciallaíonn “Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla” Treoir 2005/36/CE an 7 Meán Fómhair 2005 ón gComhairle maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint arna leasú le Treoir 2006/100/CE an 20 Samhain 2006 ón gComhairle lena n-oiriúnaítear Treoracha áirithe i réimse na saorghluaiseachta daoine, de thoradh aontachas na Bulgáire agus na Rómáine;

ciallaíonn “stát iomchuí”—

- (a) Ballstát (seachas an Stát),
- (b) stát is stát conarthach i gComhaontú LEE de réir na brí a thugtar le hAcht na gComhphobal Eorpach (Leasú) 1993 (seachas Ballstát nó an Stát),
- (c) Cónaidhm na hEilvéise;

ciallaíonn “tríú tír” tír nach stát iomchuí ná an Stát.

(9) Abairt a úsáidtear san alt seo agus freisin sa Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla tá an bhrí chéanna léi san alt seo agus atá sa Treoir sin.

Nós imeachta agus critéir chun gnóthaí cógaisíochta miondíola a chlárú.

17.—(1) Cláróidh an Chomhairle gnó cógaisíochta miondíola sa chlár gnóthaí cógaisíochta miondíola más rud é, maidir leis an iarratasóir ar chlárú—

- (a) gurb é nó í úinéir na cógaslainne,
- (b) go sonraíonn sé nó sí san iarratas seoladh an áitribh ina bhfuil an gnó á sheoladh nó le seoladh agus an t-ainm faoina bhfuil sé á sheoladh nó le seoladh agus go gcomhlíonann sé nó sí na ceanglais fhorordaithe le haghaidh an iarratais.
- (c) go sonraíonn sé nó sí san iarratas ainm an chógaiseora chláráithe atá nó atá le bheith i bhfeighil an gnó a sheoladh go lánaimseartha ann.
- (d) go gcomhlíonann sé nó sí aon cheanglas ón gComhairle—
 - (i) chun aon ní atá san iarratas a fhíorú,
 - (ii) chun faisnéis bhreise a sholáthar i ndáil leis an iarratas,
 - (iii) chun dearbhú reachtúil a dhéanamh ina soláthrófar an fhaisnéis sin,
- (e) go n-íocann sé nó sí an táille fhorordaithe leis an gComhairle,
- (f) go ndeimhníonn sé nó sí don Chomhairle go seolfar an gnó cógaisíochta miondíola de réir rialachán faoi *alt 18*.

(2) I gcás go ndéanfaidh úinéir cógaslainne gnó sa cháil sin a sheoladh in dhá áitreabh nó níos mó, measfar gach aon cheann de na háitribh sin, chun críocha *fho-alt (1)*, a bheith ina áitreabh ar leithligh ina bhfuil gnó cógaisíochta miondíola á sheoladh nó le seoladh.

(3) Tá feidhm freisin ag *fo-ailt (1)* agus (2) i leith clárú leantach gnó cógaisíochta miondíola.

(4) Beidh d'éifeacht le hathrú ar úinéireacht gnó cógaisíochta miondíola go ndéanfar a chlárú a chealú.

(5) Beidh éifeacht le clárú gnó cógaisíochta miondíola a chealú faoi *fho-alt (4)*—

- (a) i gcás athraithe úinéireachta arna thabhairt trí bhás úinéara nó comhúinéara, i ndeireadh na tréimhse trí mhí dar tosach dáta an bháis, agus
 - (b) in aon chás eile, i ndeireadh na tréimhse 28 lá dar tosach dáta an athraithe ar úinéireacht.
- (6) I bhfo-alt (4), maidir le “athrú ar úinéireacht cógaslainne”—
- (a) i gcás cógaslainne atá ar úinéireacht ag beirt nó níos mó, folaíonn sé athrú duine amháin de na comhúinéirí,
 - (b) i gcás cógaslainne nach bhfuil ar úinéireacht amhlaidh, folaíonn sé athrú a bhfuil de thoradh air go bhfuil sé ar úinéireacht amhlaidh, agus
 - (c) i gcás cógaslainne atá ar úinéireacht ag cuideachta, folaíonn sé fáil nó diúscairt in idirbheart amháin nó i sraith idirbheart scaireanna a ndéanann a luach níos mó ná leath na scaireanna sin arna n-eisiúint ag an gcuideachta.

18.—(1) Féadfaidh an tAire, chun críocha shláinte agus shábháilteacht an phobail agus áisiúlachta dó, rialacháin a dhéanamh maidir le gach ní nó aon ní de na nithe seo a leanas i leith gnóthaí cógaisíochta miondíola:

Gnóthaí
cógaisíochta
miondíola a rialáil.

- (a) an modh ar a n-ullmhaítear táirgí íocshláinte ansin;
- (b) maoirsiú ar na próisis sin ansin;
- (c) tréithe fisiciúla na coda sin den áitreabh atá le cur ar fáil chun na próisis sin a sheoladh, lena n-áirítear an chuid sin a dheighilt ón gcuid eile den áitreabh;
- (d) na saoráidí atá le cur ar fáil chun na próisis sin a sheoladh;
- (e) tréithe fisiciúla na coda sin den áitreabh atá le húsáid chun táirgí íocshláinte a stóráil;
- (f) na dálaí (lena n-áirítear na dálaí sin a bhaineann le teocht, taiseachas, glaineacht agus sláintíocht) ina ndéantar táirgí íocshláinte a ullmhú, a stóráil, a dhíol, a sholáthar agus a urghnamh ansin;
- (g) na réamhchúraimí a bheidh le glacadh sula ndíolfar nó sula soláthrófar táirgí íocshláinte ansin;
- (h) diúscairt táirgí íocshláinte;
- (i) an modh ar a ndéanfar táirgí íocshláinte a dhíol nó a sholáthar ansin;
- (j) tréithe fisiciúla na coda sin den áitreabh a chuirfear ar fáil do dhaoine den phobal a mbeidh táirgí íocshláinte á ndíol leo nó á soláthar dóibh nó a mbeidh oidis liachta á n-urghnamh dóibh, agus na saoráidí laistigh den chuid sin;
- (k) na saoráidí atá le cur ar fáil agus na socrúithe atá déanta ansin chun a chumasú go ndéanfar cóireáil íocshláinte duine a bhfuil táirgí íocshláinte á ndíol leis nó léi, nó á soláthar dó nó di, nó a bhféadfadh táirgí íocshláinte a

bheith á ndíol leis nó léi, nó á soláthar dó nó di, a athbhreithniú, go príobháideach más gá sin, agus an duine sin a chomhairliú, go príobháideach más gá sin, i dtaca leis an gcóireáil sin;

- (l) taifid a choimeád ar dhíol agus soláthar táirgí íocshláinte agus urghnamh oideas liachta, mar aon le taifid i dtaca leis an gcéanna;
- (m) na taifid sin a choinneáil, a chaomhnú, a aistriú agus a dhiúscairt tar éis an gnó cógaisíochta miondíola a scor nó a aistriú;
- (n) úsáid agus bail aon ghairis, trealamh, acra nó troscáin a úsáidtear chun an gnó cógaisíochta miondíola a sheoladh nó i dtaca leis an gcéanna;
- (o) slánchoimeád táirgí íocshláinte ansin.

(2) I *bhfo-alt (1)*, folaíonn “táirge íocshláinte” táirgí íocshláinte tréidliachta de réir bhrí Threoir 2001/82/CE an 6 Samhain 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle arna leasú le Treoir 2004/28/CE an 31 Márta 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(3) Aon duine a sháraíonn foráil iomchuí, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) I *bhfo-alt (3)*, is “foráil iomchuí” aon fhoráil de rialacháin a dhéantar faoin alt seo a bheidh ainmnithe mar fhoráil den sórt sin sna rialacháin.

Iniúchadh ar áitribh de chuid gnó cógaisíochta miondíola chun críocha *alt 18*.

19.—(1) In aon chás ina measann an Chomhairle gur cuí é, féadfaidh sí a chur faoi deara oifigeach údaraithe d’iniúchadh áitribh de chuid gnó cógaisíochta miondíola a mbeidh iarratas ar chlárú nó ar chlárú leantach déanta ina leith, chun a fháil amach an gcomhlíonann siad aon rialacháin arna ndéanamh ag an Aire faoi *alt 18*.

(2) Déanfaidh oifigeach údaraithe, a luaithe is indéanta tar éis an iniúchta, tuarascáil scríofa a thabhairt don Chomhairle agus cóip den tuarascáil scríofa a thabhairt don iarratasóir.

Deimhniú clárúcháin.

20.—(1) Déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta, deimhniú clárúcháin a eisiúint—

- (a) do chógaiseoir atá, nó
- (b) d’úinéir cógaslainne a bhfuil a ghnó nó a gnó cógaisíochta miondíola,

cláráithe nó curtha ar ais ar chlár.

(2) Ar leanúint de chlárú cógaiseora chláráithe nó gnó cógaisíochta miondíola chláráithe, déanfaidh an Chomhairle deimhniú clárúcháin leantaigh a eisiúint don chógaiseoir cláráithe nó, de réir mar a bheidh, d’úinéir an ghnó cógaisíochta miondíola chláráithe.

(3) Is deimhniú reatha deimhniú clárúcháin ar feadh na tréimhse 12 mhí ón dáta clárúcháin nó ón dáta a cuireadh an cógaiseoir nó an gnó ar ais ar an gclár.

(4) Is deimhniú reatha deimhniú clárúcháin leantaigh ar feadh na tréimhse 12 mhí dar tosach an lá i ndiaidh dháta éagtha an deimhnithe díreach roimhe.

(5) Aon duine a thugann deimhniú do dhuine eile ar deimhniú é a eisíodh dó féin nó di féin faoin alt seo, le hintinn go n-úsáidí é chun triú duine a aslú chun glacadh leis mar rud a bhaineann leis an duine eile sin nó a cheadaíonn don duine eile sin, leis an intinn sin, an deimhniú a úsáid, tá cion déanta aige nó aici.

(6) Aon duine a bhfuil deimhniú eisithe dó nó di faoin alt seo agus a scoireann de bheith cláraithe laistigh de chúrsaíocht an deimhnithe, tabharfaidh sé nó sí an deimhniú ar ais don chláraitheoir faoi cheann 14 lá den scor.

21.—(1) Má dhiúltaíonn an Chomhairle iarratas ar chláru, Diúltú cláru: fógra agus achomharc. tabharfaidh sí fógra i scríbhinn don iarratasóir i dtaobh a breithe, an fhátha atá léi agus an dáta a rinneadh í.

(2) Aon iarratasóir a ndiúltaíonn an Chomhairle a iarratas nó a hiarratas ar chláru faoin Acht seo, féadfaidh sé nó sí achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte in aghaidh an diúltaithe laistigh de thréimhse 3 mhí dar tosach an dáta a gheofar fógra faoi *fho-alt (1)*.

(3) Ar achomharc faoin alt seo, féadfaidh an Ard-Chúirt—

- (a) ordú a dhéanamh lena ndaingnítear an diúltú,
- (b) ordú a dhéanamh lena gcuirtear ar leataobh é agus lena gceanglaítear ar an gComhairle dul ar aghaidh leis an gclárú,
- (c) ordú a dhéanamh (le hordacháin nó dá n-éagmais) lena dtarchuirtear an t-iarratas chun na Comhairle chun é a athbheithniú agus chun breith nua a dhéanamh, nó
- (d) aon ordú eile a dhéanamh is cuí léi.

22.—(1) Is é dualgas na Comhairle a chinntiú go bhfuil na cláir Cláir a chothabháil agus a cheartú. cruinn.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)* déanfaidh an Chomhairle—

- (a) aon athrú is gá a dhéanamh ar an bhfaisnéis atá i dtaifead,
- (b) earráidí clódóireachta agus earráidí dá samhail a cheartú.

(3) Déanfaidh an Chomhairle, a luaithe is indéanta tar éis aon ní faoi *fho-alt (1)* agus (2) a dhéanamh, fógra a thabhairt i scríbhinn ina thaobh sin don duine lena mbaineann an cealú, an ceartú nó an t-athrú eile nó, de réir mar a bheidh, do neasghaol an duine sin.

(4) Aon duine lena mbaineann taifead i gclár, cuirfidh sé nó sí in iúl don Chomhairle i scríbhinn—

- (a) aon earráid is eol don duine a bheith sa taifead sin, nó

- (b) aon athrú ar imthosca ar dóigh dó baint a bheith aige le cruinneas an taifid,

a luaithe is féidir tar éis don duine teacht ar an eolas maidir leis an earráid sin nó maidir leis an athrú sin ar imthosca.

Fianaise maidir leis na cláir.

23.—In aon imeachtaí dlí—

- (a) maidir le doiciméad arna shíniú ag an gcláraitheoir ina luafar—

(i) cad é atá nó nach bhfuil cláraithe,

(ii) cad é a bhí nó nach raibh cláraithe agus cathain a cláraíodh é,

is cruthúnas é, cheal fianaise ar a mhalairt, ar na nithe a luaitear ann,

- (b) maidir le doiciméad clóite—

(i) a dhealraíonn gur cóip é d'aon chuid de chlár nó de shliocht as clár, agus

(ii) a bhfuil ráiteas air arna shíniú ag an gcláraitheoir gur cóip nó sliocht den sórt sin é,

is cruthúnas é, cheal fianaise ar a mhalairt, ar a bhfuil san oiread sin den chlár atá cóipeáilte nó ar baineadh sliocht as.

- (c) glactar leis, cheal fianaise ar a mhalairt, gur síniú an chláraitheora síniú a ndéalraíonn gur síniú an chláraitheora é ar aon doiciméad den sórt sin,

Rolla na mac léinn cógaisíochta.

24.—(1) Féadfaidh an Chomhairle clár de dhaoine atá ag déanamh staidéir ar an gcógaisíocht i scoileanna cógaisíochta de chuid bunachas oideachais tríú leibhéal sa Stát a bhunú agus a chothabháil (ach maidir le duine atá ag déanamh staidéir ar an gcógaisíocht ansin gan a bheith rollaithe nó arna rollú, ní bheidh aon éifeacht aige sin ar a theideal nó a teideal go ndámhfar cáilíocht air nó uirthi nó go gclárófar é nó í).

(2) Ní bheidh aon táille iníoctha i leith aon rollaithe faoi *fho-alt (I)*.

CUID 5

CIONTA

Léiriú ar Chuid 5.

25.—(1) Tá éifeacht leis an alt seo chun críocha an léirithe ar Chuid 5.

(2) I gCuid 5—

ciallaíonn “taithí iarchláraithe íosta 3 bliana” taithí 3 bliana ar a laghad—

- (a) ar chleachtadh go lánaimseartha mar chógaiseoir cláraithe—
- (i) i ngnó cógaisíochta miondíola,
- (ii) roimh thosach feidhme an Achta seo, i siopa a coimeádadh ar oscailt chun oidis liachta a urghnamh nó a chumasc agus nimheanna a dhíol, nó
- (iii) i dteaghlaim den dá rud,
- nó
- (b) ar chleachtadh go lánaimseartha mar chógaiseoir lasmuigh den Stát i ngnó a fhreagraíonn do ghnó cógaisíochta miondíola ar scór cáilíochta arbh éard í (nó arbh fhéidir gurbh éard í) an cháilíocht is cuí chun cleachtadh agus ar faoina treoir a chláraigh sé nó sí faoin Acht seo, nó
- (c) aon teaghlaim de na cineálacha taithí atá leagtha amach i míreanna (a) agus (b);

ciallaíonn “ionadaí”—

- (a) i ndáil le cógaiseoir a fuair bás—
- (i) a sheiceadóir nó a seiceadóir nó a riarthóir, nó
- (ii) i gcás go bhfuair an cógaiseoir bás gan seiceadóir a bhí i dteideal, agus a bhí toilteanach, an gnó cógaisíochta miondíola a sheoladh agus go ndearna an duine a bhfuil leas tairbhiúil aige nó aici san eastát (nó, má tá beirt nó níos mó ann a bhfuil leas acu amhlaidh, go ndearna gach aon duine acu nó go ndearna siad uile i gcomhar), laistigh de thréimhse 3 mhí i ndiaidh an bháis, ionadaí a ainmniú chun an gnó a sheoladh go dtí go gceapfaí riarthóir, an t-ionadaí arna ainmniú nó arna hainmniú amhlaidh,
- (b) i ndáil le cógaiseoir ar breithníodh ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í, an sannaí oifigiúil i bhféimheacht,
- (c) i ndáil le cógaiseoir ar coimircí cúirte é nó í agus a bhfuil coiste ceaptha ina leith, an coiste,
- (d) i ndáil le cógaiseoir atá faoi éagumas meabhrach agus a bhfuil cumhacht fheidhil aturnae cláraithe ina leith, an t-aturnae.

26.—(1) Déanann duine gnó cógaisíochta miondíola a sheoladh de réir an ailt seo más rud é go bhfuil an gnó cógaisíochta miondíola cláraithe agus—

Gnó cógaisíochta miondíola a sheoladh: cionta.

- (a) i gcás go bhfuil an gnó á sheoladh ag duine nádúrtha nó ag comhpháirtíocht, go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach in *alt 27*.
- (b) i gcás go bhfuil an gnó á sheoladh ag comhlacht corpraithe, go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach in *alt 28*.

(c) i gcás go bhfuil an gnó á sheoladh ag ionadaí de chuid cógaiseora chláráithe, go gcomhlíontar na coinníollacha atá leagtha amach in *alt 29*.

(2) Aon duine a sheolann gnó cógaisíochta miondíola ar dhóigh seachas de réir an ailt seo, tá cion déanta aige nó aici.

Duine nádúrtha nó comhpháirtíocht do sheoladh gnó cógaisíochta miondíola.

27.—Is iad na coinníollacha dá dtagraítear in *alt 26(1)(a)*—

- (a) gur cógaiseoir cláráithe an duine dá dtagraítear in *alt 26(1)(a)* nó nach bhfuil sa chomhpháirtíocht dá dtagraítear ansin ach cógaiseoirí cláráithe,
- (b) maidir leis an gcuid den ghnó arb éard í bainistiú agus riaradh a dhéanamh ar dhíol agus soláthar táirgí íocshláinte, go bhfuil sí faoi rialú pearsanta cógaiseora chláráithe ag a bhfuil taithí iarchláráithe íosta 3 bliana,
- (c) go bhfuil, san áitreabh ina seoltar an gnó nó, má tá dhá cheann nó níos mó de na háitribh sin ann, i ngach ceann díobh, cógaiseoir cláráithe ag a bhfuil taithí iarchláráithe íosta 3 bliana i bhfeighil an gnó a sheoladh go lánaimseartha ansin,
- (d) maidir le díol agus soláthar táirgí íocshláinte san áitreabh ina seoltar an gnó, go ndéantar sin a sheoladh san áitreabh sin nó, de réir mar a bheidh, i ngach ceann de na háitribh sin, le maoirsiú pearsanta cógaiseora chláráithe nó faoin gcéanna,
- (e) go ndéantar ainm agus deimhniú clárúcháin an chógaiseora chláráithe dá dtagraítear i *mír (c)* agus deimhniú clárúcháin an ghnó a chur ar taispeáint go feiceálach san áitreabh ina seoltar an gnó nó, de réir mar a bheidh, i ngach ceann de na háitribh sin.

Comhlacht corpráithe do sheoladh gnó cógaisíochta miondíola.

28.—Is iad na coinníollacha dá dtagraítear in *alt 26(1)(b)*—

- (a) maidir leis an gcuid den ghnó arb éard í bainistiú agus riaradh a dhéanamh ar dhíol agus soláthar táirgí íocshláinte, go bhfuil sí faoi rialú pearsanta cógaiseora chláráithe ag a bhfuil taithí iarchláráithe íosta 3 bliana agus ag a bhfuil ráiteas curtha ar fáil don chláráitheoir—
 - (i) ina sonraítear ainm an chógaiseora agus ina ndearbhaítear an stiúrtóir den chomhlacht corpráithe nó an sealbhóir oifige sa chomhlacht eile dá dtagraítear in *alt 26(1)(b)* é nó í, agus
 - (ii) atá sínithe ag an gcógaiseoir agus thar ceann an chomhlachta chorpráithe nó an chomhlachta eile,
- (b) go bhfuil, san áitreabh ina seoltar an gnó nó, má tá dhá cheann nó níos mó de na háitribh sin ann, i ngach ceann díobh, cógaiseoir cláráithe ag a bhfuil taithí iarchláráithe íosta 3 bliana i bhfeighil an gnó a sheoladh go lánaimseartha ansin,
- (c) maidir le díol agus soláthar táirgí íocshláinte san áitreabh ina seoltar an gnó, go ndéantar sin a sheoladh san áitreabh sin nó, de réir mar a bheidh, i ngach ceann de

na háitribh sin, le maoirsiú pearsanta cógaiseora chláráithe nó faoin gcéanna,

- (d) go ndéantar ainm agus deimhniú clárúcháin an chógaiseora dá dtagraítear i *mír (b)* agus deimhniú clárúcháin an ghnó a chur ar taispeáint go feiceálach san áitreabh ina seoltar an gnó nó, de réir mar a bheidh, i ngach ceann de na háitribh sin.

29.—Is iad seo na coinníollacha dá dtagraítear in *alt 26(1)(c)*—

Ionadaí do sheoladh gnó cógaisíochta miondíola.

- (a) gur tugadh fógra don chláráitheoir i dtaobh ainm agus seoladh an ionadaí agus an chógaiseora dá bhfuil sé nó sí ina ionadaí nó ina hionadaí,
- (b) maidir leis an gcuid den ghnó arb éard í bainistiú agus riaradh a dhéanamh ar dhíol agus soláthar táirgí íocshláinte, go bhfuil sí faoi rialú pearsanta cógaiseora chláráithe ag a bhfuil taithí iarchláráithe íosta 3 bliana,
- (c) go bhfuil, san áitreabh ina seoltar an gnó nó, má tá dhá cheann nó níos mó de na háitribh sin ann, i ngach ceann díobh, cógaiseoir cláráithe ag a bhfuil taithí iarchláráithe íosta 3 bliana i bhfeighil an gnó a sheoladh go lánaimseartha ansin,
- (d) maidir le díol agus soláthar táirgí íocshláinte san áitreabh ina seoltar an gnó, go ndéantar sin a sheoladh san áitreabh sin nó, de réir mar a bheidh, i ngach ceann de na háitribh sin, le maoirsiú pearsanta cógaiseora chláráithe nó faoin gcéanna,
- (e) go ndéantar ainm agus deimhniú clárúcháin an chógaiseora dá dtagraítear i *mír (c)* agus deimhniú clárúcháin an ghnó a chur ar taispeáint go feiceálach san áitreabh ina seoltar an gnó nó, de réir mar a bheidh, i ngach ceann de na háitribh sin.
- (f) (i) i gcás gurb é bás an chógaiseora chláráithe dá dtagraítear in *alt 26(1)(c)* an tarlú ba bhun leis an ionadaí a cheapadh, nach bhfuil tréimhse is faide ná 5 bliana caite ó bhí an bás sin ann, agus
- (ii) in aon chás eile, nach bhfuil tréimhse is faide ná 3 bliana caite ó bhí an tarlú sin ann.

30.—(1) Ní dhéantar aon chion faoi *alt 26* más rud é go ngníomhaíonn cúntóir cógaisíochta cláráithe thar ceann cógaiseora chláráithe le linn don chógaiseoir cláráithe a bheith as láthair go sealadach.

Cosaint do chumhdach sealadach ag cúntóir cógaisíochta.

(2) Féadfar, le rialacha arna ndéanamh ag an gComhairle le toiliú ón Aire, chun críocha *fho-alt (1)*, soláthar breise a dhéanamh maidir leo seo a leanas—

- (a) an méid is féidir agus nach féidir le cúntóir cógaisíochta cláráithe a dhéanamh le linn dó nó di gníomhú thar ceann cógaiseora chláráithe,
- (b) an ní is asláithreach sealadach cógaiseora chláráithe ann.

Cion arb éard é duine neamhchláraithe do sholáthar cúnamh oilte cógaisíochta.

31.—(1) Aon duine, seachas—

- (a) cógaiseoir cláraithe, nó
- (b) cúntóir cógaisíochta cláraithe,

a sholáthraíonn cúnamh oilte go feasach do chógaiseoir cláraithe, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Cógaiseoir cláraithe a ghlacann cúnamh oilte ó dhuine arb eol dó nó di nó ar chóir gurb eol dó nó di nach cógaiseoir cláraithe nó cúntóir cógaisíochta cláraithe é nó í, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Ní cion faoin alt seo cúnamh oilte a sholáthar nó a ghlacadh más mar chuid d’oiliúint nó oideachas duine mar chógaiseoir, nó i ngníomhaíocht atá coimhdeach leis an gcógaisíocht, a dhéantar é.

(4) San alt seo, is é is “cúnamh oilte” ann aon chúnamh arb éard é nó ina n-áirítear, nó ar chóir gurb éard é nó go n-áireofaí ann, eolas, cumas agus breithiúnas duine is cógaiseoir nó cúntóir cógaisíochta, agus na cáilíochtaí eile is gá de chuid duine den sórt sin, a fheidhmiú, lena n-áirítear an t-eolas, an cumas agus an breithiúnas sin agus na cáilíochtaí eile sin a fheidhmiú trí dhaoine eile a mhaoirsiú.

Cion arb éard é duine do thabhairt le tuiscint gur cógaiseoir cláraithe nó drugadóir cláraithe é nó í.

32.—(1) Duine seachas cógaiseoir cláraithe a thugann le tuiscint gur cógaiseoir cláraithe é nó í, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Duine seachas drugadóir cláraithe a thugann le tuiscint gur drugadóir cláraithe é nó í, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(3) Duine seachas gnó cógaisíochta miondíola cláraithe a thugann le tuiscint gur gnó cógaisíochta miondíola cláraithe é nó í, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(4) Duine, seachas cógaiseoir cláraithe,—

- (a) a thugann “cógaiseoir”, “poitigéir urghnaimh”, “poitigéir cógaisíochta” (cibé acu agus an focal “cláraithe” ag gabháil leis nó gan é) nó “Comhalta de Chumann Cógaiseoirí na hÉireann” nó “CCCÉ” de thuirisc air féin nó uirthi féin go poiblí nó a úsáideann, in aon tuairisc phoiblí air féin nó uirthi féin, abairt a luaitear i *bhfo-alt (6)*,
- (b) a úsáideann aon fheathal nó feiste as a bhféadfadh an pobal an tatal a bhaint gur cógaiseoir cláraithe é nó í, nó
- (c) a chuireann faoi deara nó a cheadaíonn aon tuairisc phoiblí den sórt sin nó aon úsáid den sórt sin tarlú,

measfar, gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, go bhfuil sé nó sí ag tabhairt le tuiscint gur cógaiseoir cláraithe é nó í.

(5) Aon duine, seachas drugadóir cláraithe nó cógaiseoir cláraithe—

- (a) a thugann “drugadóir”, “cógaiseoir agus drugadóir” (cibé acu agus focal “cláraithe” ag gabháil leis nó gan é) de thuirisc air nó uirthi féin go poiblí nó a úsáideann, in aon tuairisc phoiblí air féin nó uirthi féin, abairt dá dtagraítear i *bhfo-alt (6)*,

- (b) a úsáideann aon fheathal nó feiste as a bhféadfadh an pobal an tátal a bhaint gur drugadóir cláraithe é nó í, nó
- (c) a chuireann faoi deara nó a cheadaíonn aon tuairisc phoiblí den sórt sin nó aon úsáid den sórt sin tarlú,

measfar, gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (2)*, go bhfuil sé nó sí ag tabhairt le tuiscint gur drugadóir cláraithe é nó í.

(6) Is iad na habairtí dá dtagraítear i *bhfo-ailt (4)* agus (5)—

- (a) cógaslann,
- (b) lia-stórtha,
- (c) drug-stórtha,
- (d) drug-halla,
- (e) stórtha soláthar liachta,
- (f) halla cógaisíochta,
- (g) cógaiseoir.

(7) Níl cion á dhéanamh ag duine faoin alt seo trí úsáid a bhaint, i dtuairisc phoiblí ar ghnó cógaisíochta miondíola cláraithe, as abairt a luaitear i *bhfo-alt (6)*.

CUID 6

GEARÁIN, FIOSRÚCHÁIN AGUS ARAÍONACHT

33.—Sa Chuid seo—

Léiríú ar *Chuid 6*.

ciallaíonn “coiste fiosrúcháin” coiste sláinte nó coiste iompair ghairmiúil;

ciallaíonn “gearán” gearán arna dhéanamh faoi *alt 35* nó *36*;

ciallaíonn “coiste araíonachta” coiste arna bhunú faoi *alt 34(1)*;

ciallaíonn “smachtbhanna araíonachta” smachtbhanna a shonraítear in aon mhír *d’alt 48(1)*;

ciallaíonn “coiste sláinte” coiste arna bhunú faoi *alt 34(1)(c)*;

ciallaíonn “drochfheidhmíocht ghairmiúil”, i ndáil le cógaiseoir cláraithe, aon mhainneachtain de chuid an chógaiseora chláraithe na caighdeáin inniúlachta a fhéadtar a bheith ag súil leo le réasún ó chógaiseoir cláraithe a chomhlíonadh;

ciallaíonn “coiste réamhimeachtaí” coiste arna bhunú faoi *alt 34(1)(a)*;

ciallaíonn “coiste iompair ghairmiúil” coiste arna bhunú faoi *alt 34(1)(b)*;

ciallaíonn “mí-iompar gairmiúil”, i ndáil le cógaiseoir cláraithe, aon ghníomh, neamhghníomh nó patrún iompair—

- (a) is sárú ar an gcód iompair do chógaiseoirí cláraithe,

- (b) atá oilbhéimeach nó aithiseach ó thaobh gairme (d'ainneoin, dá ndéanfadh comhalta de ghairm eile an gníomh nó an neamhghníomh céanna, nó gníomh nó neamhghníomh dá shamhail, nó dá ndéanfadh sé nó sí de réir an phatrúin iompair chéanna, nó de réir patrúin iompair dá shamhail, nach mí-iompar gairmiúil a bheadh ann i leith na gairme sin),
- (c) a bhfuil urchóid mhorálta, calaois nó mímhacántacht ag baint leis de chineál nó ar leibhéal a théann i bhfeidhm ar sheoladh gairme cógaiseora, nó
- (d) is sárú, i gcás go bhfuil ceadúnas, deimhniú nó clárú deonaithe don chógaiseoir cláraithe ag comhlacht lasmuigh den Stát maidir le cleachtadh na cógaisíochta, ar chaighdeán iompair, feidhmíochta nó eitice—
 - (i) a bhaineann le duine a shealbhaíonn an ceadúnas, an deimhniú nó an clárú sin, agus
 - (ii) a fhreagraíonn do chaighdeán atá sa chód dá dtagraítear i *mír (a)* nó do chaighdeán arb ionann sárú air agus iompar den chineál atá luaite i *míreanna (b)* nó *(c)*,

ach ní fholaíonn sé gníomh, neamhghníomh nó pátrún iompair arb éard atá ann breithiúnas gairmiúil a dtángthas go mícheart ach go hionraic air;

folaíonn “cláraithe” i ndáil le gearán in aghaidh cógaiseora nó gnó cógaisíochta miondíola cógaiseoir nó gnó cógaisíochta miondíola a bhí cláraithe an tráth a tharla na himthosca ar forais an ghearáin iad cé nach bhfuil sé nó sí cláraithe nuair a dhéantar an gearán nó tráth is déanaí ná sin.

Coistí araíonachta. **34.**—(1) Déanfaidh an Chomhairle na coistí araíonachta seo a leanas a bhunú:

- (a) coiste réamhimeachtaí;
- (b) coiste iompair ghairmiúil;
- (c) coiste sláinte.

(2) Níl Uachtarán an Chumainn incháilithe lena cheapadh nó lena ceapadh chun coiste araíonachta.

(3) Daoine seachas cógaiseoirí cláraithe a bheidh i dtromlach comhaltaí coiste araíonachta, agus déanfar aon duine amháin ar a laghad de na daoine sin a cheapadh chun ionadaíocht a dhéanamh do leas an phobail.

(4) Cógaiseoirí cláraithe a bheidh i dtrian ar a laghad dá chuid comhaltaí.

(5) Beidh beirt ar a laghad dá chuid comhaltaí ina gcógaiseoirí cláraithe ar úinéirí cógaslainn iad.

(6) Beidh ar chóram coiste araíonachta atá ag breithniú gearáin faoi úinéir cógaslainne aon chógaiseoir cláraithe amháin ar a laghad ar úinéir cógaslainne é nó í.

(7) Ní bheidh duine incháilithe chun comhaltas de bhreis agus aon choiste araíonachta amháin nó níos mó a shealbhú i gcomhthráth.

(8) Tá na cosaintí agus na díolúintí céanna is atá ag breitheamh den Ard-Chúirt ag comhaltaí coiste araíonachta sa cháil sin.

(9) Ceapfaidh an Chomhairle lia-chleachtóir cláraithe ag a mbeidh taithí iomchuí chun comhairle a thabhairt don choiste sláinte i ndáil le gach gearán a tharchuirfear chuige.

(10) Ní mór don lia-chleachtóir cláraithe a bheith i láthair ag cruinnithe den choiste sin, ach ní ceadmhach dó nó di vótáil.

(11) Tá ag an lia-chleachtóir cláraithe, le linn comhairle a thabhairt don choiste sin, na cosaintí agus na díolúintí céanna atá ag breitheamh den Ard-Chúirt.

35.—(1) Tá feidhm ag an alt seo maidir le gearán a dhéantar leis an gComhairle faoi chógaiseoir cláraithe ar na forais seo a leanas—

Gearán faoi chógaiseoirí cláraithe.

- (a) mí-iompar gairmiúil laistigh nó lasmuigh den Stát,
- (b) drochfheidhmíocht ghairmiúil laistigh nó lasmuigh den Stát,
- (c) mallachar ar chumas an chógaiseora chláraithe chun cleachtadh mar gheall ar easláinte fhisiciúil nó mheabhrach, suaitheadh mothúchánach nó andúil in alcól nó i ndrugaí,
- (d) mainneachtain coinníoll i dtaca le clárú a chomhlíonadh,
- (e) mainneachtain gealltanais a chomhlíonadh nó aon ghníomh a dhéanamh a shonraítear i dtoiliú arna thabhairt mar fhreagra ar iarratas faoi *alt 46*,
- (f) sárú ar an Acht seo nó ar rialacha arna ndéanamh ag an gComhairle faoin Acht seo, nó
- (g) ciontú sa Stát mar gheall ar chion is intriailte ar díotáil nó ciontú lasmuigh den Stát mar gheall ar chion is gníomh nó neamhghníomh ar chion é ab intriailte ar díotáil dá ndéanfaí sa Stát é.

(2) Ní mór gearán a bheith i scríbhinn nó, mura bhfuil, i bhfoirm atá inghlactha ag an gComhairle.

(3) Féadfaidh aon duine gearán a dhéanamh nó féadfar gearán a dhéanamh thar ceann aon duine nó féadfaidh an cláraitheoir gearán a dhéanamh.

(4) Déanfaidh an Chomhairle an chógaiseoir cláraithe faoina bhfuil gearán déanta a chur ar an eolas maidir leis an méid sin agus tabharfaidh sí cóip den ghearán don chógaiseoir cláraithe.

(5) Déanfaidh an Chomhairle gach beart réasúnach chun a chinntiú go gcoinneofar an gearánach agus an chógaiseoir cláraithe ar an eolas maidir leis na cinntí go léir a dhéanann sí i ndáil le gearán.

(6) Déanfaidh an Chomhairle gach beart réasúnach chun a chinntiú go ndéantar gearán a phróiseáil ar mhodh tráthúil.

Gearáin faoi ghnóthaí cógaisíochta miondíola cláraithe.

36.—(1) Beidh feidhm ag an alt seo i ndáil le gearán a dhéantar leis an gComhairle faoi ghnó cógaisíochta miondíola cláraithe ar na forais seo a leanas—

- (a) go bhfuil úinéir na cógaslainne nó fostaí nó comhpháirtí de chuid úinéir na cógaslainne arna chiontú nó arna ciontú mar gheall ar chion faoin Acht seo, faoi aon Acht a aisghairtear leis an Acht seo, nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoin Acht seo nó faoin Acht sin, faoi na hAchtanna um Mí-Úsáid Drugaí 1977 go 2006, faoi na hAchtanna um Bord Leigheasra na hÉireann 1995 agus 2006, faoi Achtanna na Nimheanna 1961 agus 1977 nó faoi na hAchtanna um Leigheasanna Ainmhithe 1993 agus 2006, nó
- (b) go bhfuil úinéir na cógaslainne nó fostaí nó comhpháirtí de chuid úinéir na cógaslainne arna chiontú nó arna ciontú mar gheall ar aon chion eile nó go bhfuil mí-iompar déanta aige nó aici ar cion nó mí-iompar é de shórt gur dóigh go ndiúltódh an Chomhairle an duine a chlárú dá mbeadh an duine ag déanamh iarratais chuig an gComhairle ar chlárú mar chógaiseoir,
- (c) i gcás inar sheol ionadaí an gnó mar a luaitear in *ailt 26* agus *29*, go bhfuil an t-ionadaí nó aon duine atá fostaithe ag an ionadaí i dtaca le seoladh na cógaslainne (cibé acu chun críocha *alt 29* nó nach ea)—
 - (i) arna chiontú nó arna ciontú i gcion a luaitear i *mír (a)*, nó
 - (ii) arna chiontú nó arna ciontú i gcion nó go bhfuil mí-iompar déanta aige nó aici agus gur cion nó mí-iompar é de shórt atá luaite i *mír (b)*.

(2) Beidh feidhm ag *fo-ailt (2)* go *(6) d'alt 35* maidir le gearán faoi ghnó cógaisíochta miondíola cláraithe mar atá feidhm acu maidir le gearán faoi chógaiseoir cláraithe ach amháin tagairtí don úinéir cógaslainne nó, de réir mar a bheidh, d'ionadaí an úinéara sin, a chur in ionad tagairtí don chógaiseoir cláraithe.

(3) I *bhfo-alt (1)*, folaíonn tagairtí d'úinéir cógaslainne tagairtí do stiúrthóir comhlachta chorpraithe a bhfuil an gnó cógaisíochta miondíola ar úinéireacht aige nó aici.

Idirghabháil maidir le gearáin.

37.—(1) Féadfaidh an Chomhairle treoirínthe a chumadh maidir le gearáin a réiteach trí idirghabháil.

(2) Féadfar foráil a bheith ar áireamh sna treoirínthe maidir leis na nithe seo a leanas—

- (a) cinneadh a dhéanamh, ag féachaint do leas an phobail, i dtaobh an bhféadfar gearán a réiteach go sásúil trí idirghabháil nó an bhfuil dóthain cúise ann chun fiosrúchán a sheoladh,
- (b) na daoine a fhéadfaidh idirghabháil a dhéanamh (“idirghabhálaithe”),
- (c) taifead a dhéanamh ar an modh ar a réitítear an gearán, agus ar chomhaontú an ghearánaigh agus an chógaiseora chláraithe nó an úinéara cógaslainne leis an réiteach,

- (d) na bearta a bheidh le déanamh (lena n-áirítear fógra a thabhairt don ghearánach, don chógaiseoir cláraithe nó don úinéir cógaslainne agus don choiste réamh-imeachtaí) mura bhféadfar, i dtuairim an idirghabhálaí, an gearán a réiteach trí idirghabháil,
- (e) aon nithe eile is dóigh leis an gComhairle is gá nó is iomchuí chun réiteach gearáin trí idirghabháil a éascú.

(3) Ní ceadmhach aon iarracht a dhéanamh ar ghearán a réiteach trí idirghabháil gan toiliú an ghearánaigh agus an chógaiseora chláráithe nó an úinéara cógaslainne.

(4) Maidir le toiliú a thugann chógaiseoir cláraithe nó úinéir cógaslainne chun críocha *fho-alt (3)*, ní ghlacfar leis gur admháil atá ann i líomhain ar bith a rinne an gearánach.

(5) Déanfaidh an t-idirghabhálaí téarmaí an réitigh ar ghearán trí idirghabháil a thuairisciú don Chomhairle.

(6) I gcás gurb éard atá i dtéarmaí an réitigh ar ghearán, nó gurb éard atá ar áireamh iontu, toradh a fhreagraíonn do cheann nó níos mó de na smachtbhannaí pionósacha a leagtar amach i *bhfo-alt 1(b) d'alt 48*, féadfaidh an Chomhairle an smachtbhanna sin nó na smachtbhannaí sin a fhorchur amháil is dá mba faoin alt sin é.

(7) Aon fhreagra nó ráiteas a thugann an gearánach nó an chógaiseoir cláraithe nó an t-úinéir cógaslainne i gcúrsa na hidirghabhála, ní ceadmhach—

- (a) é a chur in iúl d'aon duine seachas dóibh siúd atá páirteach san idirghabháil, ná
- (b) é a úsáid in aon imeachtaí araíonachta, sibhialta ná coiriúla.

(8) Féadfaidh an Chomhairle athmheas a dhéanamh ar aon treoirlínte a cheapfar faoin alt seo.

(9) Folaíonn “idirghabháil” san alt seo modhanna neamhfhoirmiúla eile chun gearáin a réiteach.

38.—(1) A luaithe is indéanta tar éis gearán a fháil, déanfaidh an Chomhairle é a tharchur chuig an gcoiste réamh-imeachtaí chun a chomhairle a fháil i dtaobh an bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh.

Gearáin a tharchur chuig an gcoiste réamh-imeachtaí chun comhairle a fháil.

(2) Féadfaidh an coiste—

- (a) a cheangal ar an ngearánach aon ní a bheidh sa ghearán a fhíorú, trí mhionnscríbhinn nó ar shlí eile,
- (b) a cheangal ar an ngearánach breis faisnéise a thabhairt a bhaineann leis an ní a ardaíodh sa ghearán, le dearbhú reachtúil nó ar shlí eile,
- (c) a cheangal ar an gcógaiseoir cláraithe nó ar an úinéir cógaslainne cibé faisnéis a thabhairt i ndáil leis an ngearán a shonróidh an coiste,
- (d) a iarraidh ar an gcógaiseoir cláraithe nó ar an úinéir cógaslainne tuairimí a chur faoina bhráid.

(3) Maidir le ceangal faoi *fho-alt* (2)—

- (a) ní mór é a bheith i scríbhinn,
- (b) ní mór am réasúnach a shonrú leis ina mbeidh sé le comhlíonadh,
- (c) féadfar é a dhéanamh i dteannta nó i ndiaidh ceangail eile den sórt sin.

(4) Féadfaidh an cógaiseoir cláráithe nó an t-úinéir cógaslainne faisnéis a thabhairt don choiste cé nach mbeidh ceangailte air nó uirthi sin a dhéanamh agus tuairimí a chur faoina bhráid cé nach mbeidh iarrtha air nó uirthi sin a dhéanamh.

(5) Sula gcinneadh sé a chomhairle i dtaobh an bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh, breithneoidh an coiste—

- (a) aon fhaisnéis arna tabhairt faoin alt seo, agus
- (b) an bhfuil an gearán fánach nó cráiteach nó déanta de mheon mímhacánta.

Gníomh ag an gComhairle ar chomhairle gan aon ghníomh breise a dhéanamh.

39.—(1) Ar chomhairle a fháil de bhun *alt* 38, cinneadh an Chomhairle an ndéanfaidh sí gníomh breise.

(2) Má chinneann an Chomhairle gan aon ghníomh breise a dhéanamh, cuirfidh sí an méid sin in iúl don chógaiseoir cláráithe nó don úinéir cógaslainne, don choiste réamh-imeachtaí agus don ghearánach dá réir sin.

An nós imeachta tar éis moladh, nó breith, gníomh eile a dhéanamh.

40.—(1) Más é comhairle an choiste réamh-imeachtaí, de bhun *alt* 38, go bhfuil dóthain cúise ann chun gníomh breise a dhéanamh, nó má chinneann an Chomhairle, faoi *alt* 39, gníomh breise a dhéanamh, déanfaidh an coiste—

- (a) an gearán a tharchur lena réiteach trí idirghabháil faoi *alt* 37, nó
- (b) an gearán a tharchur chuig cibé coiste de na coistí seo a leanas (“coistí fiosrúcháin”) is cuí leis—
 - (i) an coiste um iompar gairmiúil,
 - (ii) an coiste sláinte.

(2) Má chuireann idirghabhálaí in iúl do choiste, maidir le gearán a tarchuireadh lena réiteach trí idirghabháil—

- (a) nach bhféadfar é a réiteach amhlaidh,
- (b) go bhféadfar é a réiteach amhlaidh ach sin amháin tar éis cúinsí a chur i gcuntas a fhágann go mbeadh an gearán níos oiriúnaí do choiste fiosrúcháin,

deanfaidh an coiste an gearán a tharchur chuig coiste fiosrúcháin amháin is dá mba faoi *fho-alt* (1)(b) é.

41.—(1) A luaithe is indéanta tar éis gearán a tharchur chuig coiste fiosrúcháin, tabharfaidh an coiste fógra i scríbhinn don chógaiseoir cláraithe nó don úinéir cógaslainne i dtaobh na nithe seo a leanas—

Fógra i dtaobh gearán a tharchur chuig coiste fiosrúcháin agus i dtaobh éisteachta.

- (a) tarchur an ghearáin agus ainm an choiste,
- (b) ábhar an ghearáin, lena n-áirítear sonraí aon fhianaise a soláthraíodh mar thaca leis an ngearán, agus
- (c) teideal an chógaiseora chláráithe nó an úinéara cógaslainne, agus a ionadaí nó a hionadaí, freastal ar an gcoiste agus éisteacht a fháil.

(2) Tar éis dó fógra a thabhairt don chógaiseoir cláraithe nó don úinéir cógaslainne faoi *fho-alt (1)*, déanfaidh an coiste éisteacht a shocrú agus ceapfaidh sé dáta, am agus ionad di.

(3) Tráth nach déanaí ná 30 lá roimh dháta aon éisteachta, tabharfaidh an coiste fógra i scríbhinn don chógaiseoir cláraithe nó don úinéir cógaslainne agus don ghearánach maidir le dáta, am agus ionad na héisteachta.

42.—(1) Is go poiblí a thionólfar éisteacht os comhair an choiste iompair ghairmiúil.

Éisteachtaí: nós imeachta.

(2) Ach is go príobháideach a thionólfar í más rud é—

- (a) go n-iarrann an cógaiseoir cláraithe nó an t-úinéir cógaslainne nó an gearánach amhlaidh, agus
- (b) gur deimhin leis an gcoiste gur chúf aontú leis an iarraidh sin.

(3) Is go príobháideach a thionólfar éisteacht os comhair an choiste sláinte.

(4) Ach is go poiblí a thionólfar í más rud é—

- (a) go n-iarrann an cógaiseoir cláraithe nó an t-úinéir cógaslainne nó an gearánach amhlaidh, agus
- (b) gur deimhin leis an gcoiste gur chúf aontú leis an iarraidh sin.

(5) Ag éisteacht os comhair coiste fiosrúcháin—

- (a) féadfaidh aon duine, le cead ón gcoiste, an fhianaise atá mar thaca leis an ngearán a threorú,
- (b) is faoi mhionn nó faoi dhearbhasc a thabharfar fianaise finnéithe, agus
- (c) beidh láncheart ann finnéithe a chroscheistiú agus fianaise a ghlaoch mar chosaint agus mar fhreagra.

(6) Féadfaidh aon chomhalta de choiste fiosrúcháin finnéithe a chur faoi mhionn.

(7) Féadfaidh coiste fiosrúcháin gearán a aistriú go dtí an coiste eile fiosrúcháin sula n-éistfidh sé aon fhianaise a bhaineann leis an

n gearán, nó dá éis sin, ach sin amháin más deimhin leis an dá choiste—

- (a) gur cuí déanamh amhlaidh de bharr chineál an ghearán, agus
- (b) nach ndéanfar dochar don chógaiseoir cláraithe nó don úinéir cógaslainne.

(8) Maidir le coiste fiosrúcháin a n-aistreofar gearán chuige amhlaidh—

- (a) féadfaidh sé athscríbhinn d'fhianaise arna tógáil os comhair an choiste eile fiosrúcháin a ghlacadh i bhfianaise agus tátail fhíorais a bhaint as an bhfianaise,
- (b) má mheasann sé gur gá ar mhaithe leis an gcothroime aon fhianaise a tógadh os comhair an choiste eile fiosrúcháin a athéisteacht, déanfaidh sé sin.

Éisteachtaí: fianaise, cumhachtaí, díolúintí, cionta, etc.

43.—(1) Beidh ag coiste fiosrúcháin na cumhachtaí, na cearta, na pribhléidí, agus na dualgais uile de chuid na Cúirte nó de chuid breithimh den Chúirt a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

- (a) tabhairt ar fhinnéithe freastal,
- (b) finnéithe a cheistiú faoi mhionn nó ar shlí eile,
- (c) iallach a chur ar dhaoine taifid nó doiciméid eile nó maoín a thabhairt ar aird nó cead iniúchta a thabhairt maidir leo nó léi, agus
- (d) costais a dhámhachtain agus gnóthú costas a údarú.

(2) Féadfaidh an cathaoirleach, nó aon chomhalta eile de choiste fiosrúcháin atá arna údarú nó arna húdarú chun na críche ag an gComhairle, toghairm a eisiúint chun na cumhachtaí, na cearta, na pribhléidí agus na dualgais dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)(a)* agus (c) a fheidhmiú agus a chomhlíonadh.

(3) Ní theorannaítear ginearáltacht *fho-alt (1)* le *fo-alt (2)*.

(4) Faoi réir aon rialacha faoi *alt 11* agus an ghá atá ann nósanna imeachta cothroma a chomhlíonadh, féadfaidh coiste fiosrúcháin fianaise a fháil arna tabhairt—

- (a) ó bhéal os comhair an choiste,
- (b) le dearbhú reachtúil,
- (c) ar shlí eile mar a cheadaíonn na rialacha sin, lena n-áirítear trí nasc físe beo, nó aon mhodh tarchurtha eile.

(5) Beidh ag finné os comhair coiste fiosrúcháin na díolúintí agus na pribhléidí céanna atá ag finné os comhair na Cúirte.

(6) Féadfar achomharc a dhéanamh in aghaidh dámhachtana costas faoi *fho-alt (1)(d)*, laistigh de 21 lá i ndiaidh a déanta, chun na Cúirte Dúiche atá sannta de thuras na huairte don dúiche inar shuigh an coiste a dhámh na costais le linn dó déanamh amhlaidh.

(7) Beidh duine ciontach i gcion más rud é—

- (a) tar éis dó nó di toghairm a fháil freastal os comhair coiste fiosrúcháin, go mainníonn sé nó sí freastal gan leithscéal réasúnach,
- (b) gan leithscéal réasúnach, go ndiúltaíonn sé nó sí—
 - (i) mionn a ghlacadh nó dearbhasc a dhéanamh,
 - (ii) maidir le haon taifead nó doiciméad eile nó maoin atá ina sheilbh nó ina seilbh nó faoina rialú a cheanglaítear air nó uirthi a thabhairt ar láimh nó cead a thabhairt é nó í a iniúchadh, é nó í a thabhairt ar láimh nó cead a thabhairt é nó í a iniúchadh, nó
 - (iii) aon cheist a fhreagairt a cheanglaítear air nó uirthi go dleathach a fhreagairt,
- nó
- (c) go ndéanann sé nó sí aon ní ar díspeagadh cúirte a bheadh ann dá mba chúirt dlí an coiste.

(8) Ar mhainneachtain nó diúltú de chineál a luaitear i *bhfo-alt (7)(a)* nó *(b)*, féadfaidh an Chúirt, ar iarratas ón gComhairle—

- (a) a ordú don duine freastal os comhair an choiste,
- (b) a ordú don duine an ní a dhéanamh a dhiúltaigh sé nó sí a dhéanamh,
- (c) cibé orduithe eatramhacha nó idirbhreitheacha a dhéanamh is dóigh léi is gá,
- (d) dámhachtain costas a údarú.

(9) Ní chuireann iarratas ar ordú a dhéanamh faoi *fho-alt (8)* bac ar imeachtaí i leith ciona faoi *fho-alt (7)(a)* nó *(b)*.

(10) San alt seo ciallaíonn “Cúirt” an Ard-Chúirt.

44.—I gcás go ndéantar gearán a tharraingt siar, féadfaidh an coiste atá á bhreithniú, le comhaontú ón gComhairle—

An nós imeachta tar éis gearán a tharraingt siar.

- (a) a chinneadh nach ndéanfar gníomh ar bith eile, nó
- (b) leanúint ar aghaidh amhail is nár tarraingíodh siar an gearán.

45.—(1) Féadfaidh an Ard-Chúirt le hordú, ar iarratas ón gComhairle, clárú cógaiseora chláraithe nó gnó cógaisíochta miondíola cláraithe, a bhfuil gearán déanta ina choinne nó ina coinne, a fhionraí.

Clárú a fhionraí go heatramhach.

(2) Maidir le hordú faoi *fho-alt (1)* chun clárú gnó cógaisíochta miondíola a fhionraí, féadfar foráil a dhéanamh leis freisin chun an t-áitreabh inar seoladh an gnó a dhúnadh.

(3) Ní dhéanfaidh an Ard-Chúirt ordú faoi *fho-alt (1)* mura rud é gur deimhin léi go bhfuil fógra tugtha ag an gComhairle don chógaiseoir cláraithe nó, de réir mar a bheidh, don úinéir cógaslainne go bhfuil ar intinn aici iarratas a dhéanamh ar ordú.

(4) Ní ceadmhach ordú faoi *fho-alt (1)* a dhéanamh ach amháin más rud é go measann an Ard-Chúirt go bhfuil priacal ann do shláinte agus sábháilteacht an phobail ar priacal é atá chomh mór sin gur chóir clárú an chógaiseora nó an ghnó cógaisíochta miondíola a fhionraí go dtí go leanfar nós imeachta eile faoin gCuid seo agus, i gcás ordaithe ina bhfuil foráil dúnta faoi *fho-alt (2)*, an t-áitreabh dá dtagraítear ansin a dhúnadh fad atá an nós imeachta sin ar feitheamh.

(5) Is go príobháideach a éistfear iarratas faoin alt seo, ach amháin go measann an Ard-Chúirt, ar iarraidh ón gcógaiseoir cláraithe nó ón úinéir cógaslainne go n-éistfear go poiblí é, gurb amhlaidh ba chóir é a éisteacht.

Gealltanais agus toilithe.

46.—(1) Féadfaidh coiste fiosrúcháin, le linn plé le gearán, a iarraidh ar an gcógaiseoir cláraithe nó ar an úinéir cógaslainne ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas a dhéanamh, de réir mar is cuí—

- (a) gealltanais a thabhairt gan an t-iompar lena mbaineann an gearán a athdhéanamh,
- (b) gealltanais a thabhairt freastal ar chúrsaí oideachais sonraithe, ar oiliúint nó ar mhodh eile chun feabhas a chur ar a inniúlacht nó a hinniúlacht chun cleachtadh nó gnó cógaisíochta miondíola a sheoladh,
- (c) toiliú dul faoi chóireáil liachta,
- (d) toiliú glacadh le hiomardú nó cáineadh ón gComhairle.

(2) Má dhiúltaíonn cógaiseoir cláraithe nó úinéir cógaslainne gealltanais nó toiliú a iarrtar amhlaidh a thabhairt, féadfaidh an coiste fiosrúcháin dul ar aghaidh amhail is nach ndearnadh an iarraidh.

Tuarascáil fiosrúcháin an choiste.

47.—(1) Déanfaidh coiste fiosrúcháin, ar fhiosrúchán a chríochnú, tuarascáil i scríbhinn a thabhairt don Chomhairle.

(2) Sonrófar sa tuarascáil ábhar an ghearáin, an fhianaise a thíolacfar agus tátail an choiste.

(3) Féadfaidh cibé nithe breise is cuí leis an gcoiste a bheith ar áireamh sa tuarascáil.

Gníomh ón gComhairle ar thuarascáil ón gcoiste araíonachta.

48.—(1) Laistigh de 30 lá tar éis an tuarascáil a bhreithniú, déanfaidh an Chomhairle—

- (a) más é breith an choiste nach ndéantar an gearán a shuíomh, an gearán a dhíbhe, nó
- (b) más é breith an choiste go ndéantar an gearán a shuíomh, ceann amháin nó níos mó de na smachtbhannaí araíonachta seo a leanas a fhorchur ar an gcógaiseoir cláraithe nó ar an úinéir cógaslainne—
 - (i) iomardú nó cáineadh,
 - (ii) coinníollacha a chur ag gabháil le clárú an chógaiseora nó an ghnó cógaisíochta miondíola, a bhféadfaidh

srianta a bheith ar áireamh iontu ar chleachtadh nó, de réir mar a bheidh, ar an ngnó a sheoladh,

- (iii) an clárú a fhionraí ar feadh tréimhse sonraithe,
- (iv) an clárú a chealú,
- (v) toirmeasc ar feadh tréimhse sonraithe ar iarratas a dhéanamh ar chlárú a chur ar ais ar an gclár.

(2) Ní ceadmhach don Chomhairle clárú cógaiseora nó gnó cógaisíochta miondíola a chealú ar fhorais ciontaithe i gcion mura rud é, i dtuairim na Comhairle, go bhfuil an ciona nó na himthosca ina ndearnadh é de shórt go ndiúltódh an Chomhairle don chlárú dá mbeadh an cógaiseoir nó an t-úinéir cógaslainne ag déanamh iarratais ar chlárú.

49.—(1) A luaithe is indéanta tar éis breith a thabhairt smachtbhanna araíonachta a fhorchur, tabharfaidh an Chomhairle fógra don chógaiseoir cláraithe nó don úinéir cógaslainne agus don ghearánach maidir leis na nithe seo a leanas—

Fógra maidir le smachtbhanna araíonachta a fhorchur.

- (a) an smachtbhanna araíonachta atá á fhorchur,
- (b) na cúiseanna leis an smachtbhanna a fhorchur,
- (c) dáta na breithe.

(2) Más rud é go bhfuil smachtbhanna araíonachta á fhorchur ag an gComhairle, seachas iomardú nó cáineadh, ní foláir a shonrú freisin san fhógra faoi *fho-alt (1)*—

- (a) an tréimhse ar laistigh di a fhéadfaidh an cógaiseoir cláraithe nó an t-úinéir cógaslainne iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar an mbreith a chealú, agus
- (b) an tréimhse ar laistigh di a fhéadfaidh an Chomhairle iarratas a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar an mbreith a dhaingniú.

50.—Ní bheidh éifeacht le breith faoi *alt 48* smachtbhanna araíonachta (seachas iomardú nó cáineadh) a fhorchur mura rud é go ndaingneoidh, agus go dtí go ndaingneoidh, an Ard-Chúirt í, ar iarratas a fháil faoi *alt 51* nó *52*.

Smachtbhanna araíonachta le daingniú ag an Ard-Chúirt.

51.—(1) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas a fháil ó chógaiseoir cláraithe nó ó úinéir cógaslainne ar a bhfuil smachtbhanna araíonachta (seachas iomardú nó cáineadh) forchurtha ag an gComhairle, a ordú an smachtbhanna a chealú.

Cumhacht na hArd-Chúirte chun smachtbhanna araíonachta a chealú, etc.

(2) Ní foláir an t-iarratas a dhéanamh tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis fógra i dtaobh na breithe a fháil ón gComhairle.

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt aon fhianaise a thabharfar ar aird di, nó aon argóint a dhéanfar léi, a bhreithniú, cibé acu a bheidh nó nach mbeidh an fhianaise tugtha ar aird do choiste fiosrúcháin nó an argóint déanta leis an gcoiste sin.

(4) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ar iarratas ar ordú a fháil faoi *fhó-alt (1)*—

(a) aon ordú eile a dhéanamh is dóigh léi is cóir, lena n-áirítear ordú lena ndaingnítear nó lena modhnaítear an bhreith, agus

(b) aon ordachán a thabhairt don Chomhairle.

An Ard-Chúirt do dhaingniú smachtbhanna araíonachta.

52.—(1) Mura ndéantar aon iarratas faoi *alt 51* laistigh den tréimhse dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* den alt sin, déanfaidh an Chomhairle iarratas chun na hArd-Chúirte ar ordú lena ndaingnítear an bhreith.

(2) Ní foláir iarratas faoin alt seo a dhéanamh laistigh de 60 lá tar éis don chógaiseoir cláraithe nó don úinéir cógaslainne fógra i dtaobh na breithe a fháil.

(3) Féadfaidh an Ard-Chúirt, ach ní gá di, breith na Comhairle a dhaingniú.

(4) Maidir le fionraí ar chlárú arna daingniú faoin alt seo, ní ceadmhach í a thosú le linn na 7 lá tar éis an t-ordú a dhéanamh.

Fianaise shaineolach ar dhrochfheidhmíocht ghairmiúil agus ar mhí-iompar gairmiúil.

53.—Ar iarratas faoi *alt 51* nó *52*, féadfaidh an Ard-Chúirt fianaise a éisteacht ó aon duine ag a bhfuil dea-stádais i ngairm na cógaisíochta i dtaobh an ní is drochfheidhmíocht ghairmiúil nó mí-iompar gairmiúil ann sa ghairm sin.

Breith na hArd-Chúirte a bheith críochnaitheach.

54.—Is breith chríochnaitheach í breith na hArd-Chúirte ar iarratas faoi *alt 51* nó *52* ach amháin go bhféadfaidh an Chomhairle nó an cógaiseoir nó an t-úinéir cógaslainne, le cead ón Ard-Chúirt nó ón gCúirt Uachtarach, achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe sin chun na Cúirte Uachtaraí ar cheist dlí lena ngabhann tábhacht phoiblí.

Fógra a thabhairt i dtaobh bhreith na hArd-Chúirte.

55.—Tabharfaidh an Chomhairle fógra i scríbhinn don chógaiseoir nó don úinéir cógaslainne i dtaobh éifeacht bhreith na hArd-Chúirte faoi *alt 51* nó *52*.

Fógra maidir le smachtbhannaí etc. a thabhairt don Aire.

56.—(1) Cuirfidh an Chomhairle na nithe seo a leanas in iúl don Aire a luaithe is indéanta—

(a) clárú a bheith curtha ar ceal,

(b) clárú a bheith curtha ar ais,

(c) clárú a bheith curtha ar fionraí,

(d) fionraí a bheith dultha in éag,

(e) coinníollacha a bheith curtha ag gabháil le clárú,

(f) coinníollacha a bheith bainte de chlárú,

(g) cógaiseoir nó úinéir cógaslainne a bheith toirmisceithe ar feadh tréimhse sonraithe ar iarratas a dhéanamh ar é nó í a chur ar ais ar an gclár,

(h) iomardú nó cáineadh cógaiseora nó úinéara cógaslainne chláráithe.

(2) Má thagann sé ar iúl na Comhairle go ndearnadh gníomh faoi dhlí stáit seachas an Stát, ar gníomh é atá ar comhréir le gníomh dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, i ndáil le cógaiseoir, le gnó cógaisíochta miondíola nó le húinéir cógaslainne, cuirfidh an Chomhairle an méid sin in iúl don Aire.

(3) Más rud é, i gcás cógaiseora is fostaí—

(a) go ndearna an Chúirt nó an Chomhairle aon ghníomh a shonraítear i *bhfo-alt (1)*, nó

(b) gur tháinig sé ar iúl na Comhairle go ndearnadh aon ghníomh comhréireach den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt (2)* i leith an chógaiseora,

agus gurb eol don Chomhairle cé hé nó cé hí fostóir an chógaiseora, cuirfidh sí an méid sin in iúl don fhostóir.

57.—Déanfaidh an Chomhairle, más deimhin léi gurb é leas an phobail é sin a dhéanamh, fógra a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

Fógra poiblí i dtaobh smachtbhannaí, etc.

(a) clárú a bheith curtha ar ceal,

(b) clárú a bheith curtha ar ais,

(c) clárú a bheith curtha ar fionraí,

(d) fionraí a bheith dulta in éag,

(e) coinníollacha a bheith curtha ag gabháil le clárú,

(f) coinníollacha a bheith bainte de chlárú,

(g) cógaiseoir nó úinéir cógaslainne a bheith toirmiscthe ar feadh tréimhse sonraithe ar iarratas a dhéanamh ar é nó í a chur ar ais ar an gclár,

(h) iomardú nó cáineadh cógaiseora nó úinéara cógaslainne chláráithe.

(i) aon ghníomh a gceanglaítear fógra maidir leis a thabhairt don Aire faoi *alt 56(2)*.

58.—In aon chaineán mar gheall ar chlúmhilleadh, beidh aon ní a deirtear nó a dhéantar le linn aon cheann díobh seo a leanas faoi phribhléid iomlán—

Pribhléid iomlán maidir le himeachtaí araíonachta, etc.

(a) imeachtaí coiste réamhimeachtaí nó coiste fiosrúcháin,

(b) cumarsáidí ó choiste fiosrúcháin,

(c) tuarascálacha ó choiste fiosrúcháin,

(d) idirghabháil faoi *alt 37*,

(e) cumarsáidí ón gComhairle faoin gCuid seo,

- (f) aon chumarsáid eile ón gComhairle nó ó choiste, ar cumarsáid í a bhaineann leis na himeachtaí araíonachta.

Clárú a chealú ar é sin a iarraidh.

59.—(1) Cealóidh an Chomhairle clárú más rud é, maidir leis an duine nó le húinéir an ghnó cógaisíochta miondíola, lena mbaineann sé—

- (a) go ndéanann sé nó sí iarratas ar a chealú,
- (b) go n-íocann sé nó sí an táille fhorordaithe,
- (c) nach ábhar gearáin faoin gCuid seo é nó í, tráth déanta an iarratais.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)*, áirítear ar na himthosca nach ábhar gearáin duine nó úinéir gnó cógaisíochta miondíola iontu na himthosca seo a leanas—

- (a) go bhfuil breith tugtha ag an gComhairle faoi *alt 39(2)* gan aon ghníomh eile a dhéanamh i ndáil leis an ngearán,
- (b) go bhfuil an gearán dífe ag an gComhairle faoi *alt 48(1)*,
- (c) go bhfuil an Chúirt tar éis a ordú, faoi *alt 51(1)*, smachtbhanna a chealú a lean ón ngearán agus nach bhfuil aon ordachán tugtha aici faoi *alt 51(4)(b)* a bhféadfadh smachtbhanna eile a bheith mar thoradh air.

Clárú a chealú ar mhainneachtain an táille a íoc.

60.—Féadfaidh an Chomhairle clárú a chealú más rud é, maidir leis an duine nó le húinéir an ghnó cógaisíochta miondíola lena mbaineann sé—

- (a) go bhfuil mainnithe aige nó aici táille choinneála, nó táille ar athrú a thaifeadadh sa chlár, a íoc, agus
- (b) go leanann sé nó sí leis an mainneachtain amhlaidh tar éis don Chomhairle an mhainneachtain sin a chur in iúl dó nó di faoi dhó ar a laghad.

Clárú a chur ar ais ar an gclár.

61.—(1) Déanfaidh an Chomhairle clárú a chur ar ais ar an gclár a cealaíodh—

- (a) faoi *alt 59*, má dhéanann an duine lenar bhain sé nó úinéir an ghnó cógaisíochta lenar bhain sé—
 - (i) iarratas ar a chur ar ais ar an gclár,
 - (ii) an táille fhorordaithe a íoc, agus
 - (iii) gealltanais a thabhairt cibé coinníollacha, más ann, de réir mar a shonróidh an Chomhairle, a chomhlíonadh,
- (b) faoi *alt 60*, má dhéanann an duine lenar bhain an clárú nó úinéir an ghnó cógaisíochta miondíola lenar bhain an clárú—
 - (i) iarratas ar a chur ar ais ar an gclár laistigh de shé mhí ón dáta a tháinig an táille neamhíochta chun bheith dlite,

(ii) an táille fhorordaithe agus an táille neamhíochta a íoc.

(2) Diúltóidh an Chomhairle, áfach, clárú arna chealú faoi *alt 59* nó *60* a chur ar ais ar an gclár más deimhin léi ar bhonn fianaise nua nó fianaise ar imthosca athraithe, dá mbeadh an t-iarratasóir ag déanamh iarratais ina ionad sin faoi *alt 14* nó, de réir mar a bheidh, *alt 17*, go ndiúltódh an Chomhairle ar cheann de na forais a shonraítear in *alt 14(1)(d)* nó *(e)* nó, de réir mar a bheidh, in *alt 17(1)(f)* clárú a dhéanamh.

(3) Féadfaidh an Chomhairle, le toiliú na Cúirte, clárú ar deimhníodh a chealú faoi *alt 51* nó *52*, a chur ar ais ar an gclár.

(4) Roimh theacht ar bhreith faoi *fho-alt (3)*, tabharfaidh an Chomhairle deis don chógaiseoir lenar bhain an clárú aighneachtaí ó bhéal nó i scríbhinn a dhéanamh chuici.

(5) Féadfaidh an Chomhairle coinníollacha a chur ag gabháil le clárú a chur ar ais ar an gclár faoi *fho-alt (3)*.

(6) Tabharfaidh an Chomhairle fógra i dtaobh a breithe faoin alt seo don duine nó d'úinéir an ghnó cógaisíochta miondíola lena mbaineann clárú cealaithe.

(7) Beidh feidhm ag *alt 21* freisin maidir le diúltú clárú a chur ar ais faoin alt seo.

62.—(1) Féadfaidh an Chomhairle deireadh a chur le coinníoll a bheidh curtha ag gabháil le clárú más rud é go ndéanann an chógaiseoir, nó úinéir an ghnó cógaisíochta miondíola a bheidh faoi réir an choinníll—

Deireadh a chur le coinníollacha arna bhforchur faoin gCuid seo.

(a) iarratas ar dheireadh a chur leis an gcoinníoll, agus

(b) an táille fhorordaithe a íoc.

(2) Roimh theacht ar bhreith faoi *fho-alt (1)*, ní mór don Chomhairle deis a thabhairt don chógaiseoir nó don úinéir dá dtagraítear san *fho-alt* sin aighneachtaí ó bhéal nó i scríbhinn a chur faoina bráid.

(3) In ionad deireadh a chur le coinníoll, féadfaidh an Chomhairle é a leasú nó coinníoll eile a chur ina ionad.

(4) Ní foláir don Chomhairle fógra a thabhairt don chógaiseoir nó don úinéir dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)* i dtaobh a breithe faoin alt seo.

(5) Beidh feidhm ag *alt 21* freisin maidir le diúltú deireadh a chur le coinníoll agus maidir le breith coinníoll a leasú nó coinníoll eile a chur ina ionad.

63.—(1) Chun críocha *alt 35* agus cibé méid den Chuid seo a bhaineann leis an alt sin, is mí-iompar gairmiúil ag chógaiseoir gairmiúil atá ann más rud é—

Toirmeasc ar chaidrimh eacnamaíochta áirithe idir chógaiseoirí nó cógaslanna agus dochtúirí.

(a) go bhfuil leas tairbhíúil aige nó aici, nó

(b) go bhfios don chógaiseoir cláraithe, go bhfuil leas tairbhíúil ag a chomhpháirtí nó a comhpháirtí nó a fhostaí nó a fostaí,

i gcleachtas liachta.

(2) Chun críocha *alt 36* agus cibé méid den Chuid seo a bhaineann leis an alt sin, is mí-iompar den chineál dá dtagraítear san alt sin ag úinéir cógaslainne atá ann más rud é—

- (a) go bhfuil leas tairbhiúil ag an úinéir cógaslainne, nó
- (b) go bhfios don úinéir cógaslainne, go bhfuil leas tairbhiúil ag comhpháirtí nó fostaí de chuid an úinéara cógaslainne,

i gcleachtas liachta.

(3) Chun críocha *alt 45 d'Acht na Lia-Chleachtóirí 1978* agus cibé méid de Chuid V den Acht sin a bhaineann leis an alt sin nó aon achtacháin lena n-athachtaítear na forálacha sin, is mí-iompar gairmiúil ag lia-chleachtóir cláraithe atá ann más rud é—

- (a) go bhfuil leas tairbhiúil aige nó aici, nó
- (b) go bhfios don lia-chleachtóir cláraithe, go bhfuil leas tairbhiúil ag a chomhpháirtí nó a comhpháirtí nó a fhostaí nó a fostaí,

i ngnó cógaisíochta miondíola cláraithe.

(4) Chun críocha an ailt seo, maidir le leas arb é atá ann úinéireacht cleachtas liachta nó gnó cógaisíochta miondíola chláráithe (nó cuid de)—

- (a) ní mheasfar gur leas tairbhiúil sa chleachtas nó gnó é más é atá sa tairbhe a thig ón leas an tairbhe úinéireachta amháin, ach
- (b) measfar gur leas tairbhiúil sa chleachtas nó sa ghnó é más é atá sa tairbhe a thig ón leas amhlaidh, nó má fholaíonn sí, tairbhe airgeadais a fhabhraíonn chuig an gcógaiseoir cláraithe nó an lia-chleachtóir cláraithe le linn dó nó di a ghairm nó a gairm a fheidhmiú sa cháil sin nó, de réir mar a bheidh, chuig úinéir an ghnó cógaisíochta miondíola chláráithe sa cháil sin.

(5) San alt seo—

- (a) folaíonn “leas tairbhiúil” i gcleachtas liachta nó i ngnó cógaisíochta miondíola cláraithe—
 - (i) i gcás go bhfuil an cleachtas nó an gnó nó cuid de ar úinéireacht—
 - (I) ag cuideachta, leas stiúirthóra de chuid na cuideachta nó leas scairshealbhóra inti,
 - (II) ag comhlacht corpraithe nach cuideachta, leas comhalta de chuid an chomhlachta,
 - (ii) i gcás go bhfuil an cleachtas nó an gnó á sheoladh in áitreabh léasaithe, leas an tiarna talún sa chíos nó i gcomaoin eile maidir leis an tionóntacht más rud é, maidir leis an gcíos nó leis an gcomaoin eile sin—
 - (I) nach ionann é nó í agus luach cíosa na tionóntachta ar an margadh oscailte agus go

bhféadfar, le réasún, an difríocht a chur síos do chaidreamh tráchtála a bheith idir na páirtithe seachas an caidreamh idir tiarna talún agus tionónta, nó

- (II) go bhfaightear amach é faoi threoir fáltas nó brabús gnó cógaisíochta miondíola chláráithe nó cleachtais liachta,

agus measfar, chun críocha an ailt seo, leas tairbhiúil a bheith ag duine i gcleachtas nó gnó den sórt sin má tá leas den sórt sin ag a chéile nó a céile nó a leanbh cleithiúnach ann;

ciallaíonn “leanbh cleithiúnach”, i ndáil le duine, leanbh de chuid an duine sin atá faoi bhun 18 mbliana d’aois nó, má tá an aois sin slánaithe aige nó aici, is leanbh lena mbaineann mír (i) nó (ii) den mhíniú ar “leanbh cleithiúnach den teaghlach” in alt 3(a) den Acht um an Dlí Teaghlaigh (Cothabháil Céilí agus Leanaí) 1976;

ciallaíonn “fostaí” duine a oibríonn faoi chonradh fostaíochta (nó a rinne conradh den sórt sin chun déanamh amhlaidh) agus folaíonn sé fostaí téarma socraithe agus fostaí sealadach;

déanfar “comhpháirtí” a fhorléiriú de réir mar a fhorléirítear “partner” de réir an *Partnership Act* 1890;

tá le “lia-chleachtóir cláráithe” an bhrí a thugtar le hAcht na Lia-Chleachtóirí 1978 nó le haon achtachán lena n-athachtaítear an míniú sin;

ní fholaíonn “scairshealbhóir” scairshealbhóir i gcuideachta nach mó a shealúchas nó a sealúchas ná a leath d’aon faoin gcéad de luach iomlán na scaireanna atá eisithe ag an gcuideachta;

ní fholaíonn “céile” céile is cógaiseoir cláráithe, cúntóir cógaisíochta cláráithe nó lia-chleachtóir cláráithe, agus

- (b) folaíonn tagairtí d’áitreabh léasaithe, don tiarna talún, don tionónta, don luach cíosa agus don tionónta, i gcás go gcuirtear áitreabh ar fáil lena úsáid nó lena áitiú faoi cheadúnas nó ar a shamhail sin, tagairtí don áitreabh arna chur ar fáil amhlaidh, don duine a chuireann ar fáil é, don úsáid nó áitiú, do luach na húsáide nó an áitithe sin agus don duine a úsáideann nó a áitíonn é faoi seach.

(6) Ní dhéanann—

- (a) cógaiseoir mí-iompar gairmiúil de bhua *fho-alt (1)(b)*,
- (b) úinéir cógaslainne mí-iompar gairmiúil de bhua *fho-alt (2)(b)*,
- (c) lia-chleachtóir mí-iompar gairmiúil de bhua *fho-alt (3)(b)*,

má dhéanann sé nó sí, laistigh de 21 lá ó fhios a fháil go bhfuil leas tairbhiúil den chineál dá dtagraítear faoi seach sna forálacha sin ag a chomhpháirtí nó a comhpháirtí, fógra a thabhairt don Chumann (i gcás an chógaiseora nó an úinéara cógaslainne) nó do Chomhairle

na nDochtúirí Leighis (i gcás an lia-chleachtóra) go bhfuil an leas ann agus i dtaobh cineál an leasa.

Toirmisc ar ghnóthaí miondíola cógaslainne agus cleachtais liachta a sheoladh i gcomhpháirt agus ar mholtaí míchuí.

64.—(1) Ní sheolfar gnó miondíola cógaslainne cláraithe agus cleachtas liachta—

- (a) in aon áitreabh lena chéile, ná
- (b) in áitribh, cé gur áitribh ar leithligh iad—
 - (i) ar de chineál iad nach bhfuil rochtain phoiblí ar áitreabh amháin díobh ach tríd an gceann eile, nó
 - (ii) a bhfuil bealach isteach poiblí i gcoitinne acu,

má tá socrú den chineál a thuairiscítear i *bhfo-alt* (2) ann.

(2) Is socrú den chineál dá dtagraítear i *bhfo-alt* (1) socrú, más rud é—

- (a) go bhfuil sé déanta idir úinéir an ghnó miondíola cógaslainne chláráithe dá dtagraítear san fho-alt sin nó idir an cógaiseoir cláraithe atá i bhfeighil an ghnó sin go lánaimseartha agus lia-chleachtóir cláraithe atá ag cleachtadh sa chleachtas liachta dá dtagraítear san fho-alt sin, agus
- (b) go bhfuil soláthar ann do shochar airgeadais d'aon duine acu, nó go n-aithnítear nó go rialaítear an céanna ann, ar sochar é a eascraíonn as an gcomhlonnú nó an neas-shuíomh a thuairiscítear san fho-alt sin.

(3) Ní mholfaidh cógaiseoir cláraithe nó úinéir cláraithe cógaslainne aon chleachtas liachta ná aon lia-chleachtóir cláraithe d'aon duine den phobal ach amháin i bhfeidhmiú a bhreithiúnais nó a breithiúnais ghairmiúil mar chógaiseoir, nó, de réir mar a bheidh, le linn an gnó a sheoladh go cuí.

(4) I *bhfo-alt* (3), ciallaíonn “go cuí” ar shlí nach mbeartaítear gurb é a bheidh mar thoradh air sochar airgeadais a bheith le baint as an gcleachtas liachta nó as an lia-chleachtóir cláraithe dá dtagraítear san fho-alt sin.

(5) Ní mholfaidh lia-chleachtóir cláraithe aon chógaiseoir ná aon ghnó miondíola cógaslainne d'aon duine den phobal ach amháin i bhfeidhmiú a bhreithiúnais nó a breithiúnais ghairmiúil mar lia-chleachtóir cláraithe.

(6) Aon chógaiseoir cláraithe nó úinéir cláraithe cógaslainne arb eol dó nó di sárú a bheith déanta ar an alt seo, tuairisceoidh sé nó sí don Chumann é.

(7) Aon chógaiseoir cláraithe nó úinéir cláraithe cógaslainne arb eol dó nó di sárú a bheith déanta ar an alt seo, tuairisceoidh sé nó sí do Chomhairle na nDochtúirí Leighis é.

(8) Maidir le sárú ar an alt seo—

- (a) ag cógaiseoir cláraithe, is ionann é, chun críocha *alt 35* agus cibé méid den Chuid seo a bhaineann leis an alt sin, agus mí-iompar gairmiúil ag an gcógaiseoir cláraithe,

- (b) ag úinéir gnó miondíola cógaslainne chláráithe, is ionann é, chun críocha *alt 36* agus cibé méid den Chuid seo a bhaineann leis an alt sin, agus mí-iompar gairmiúil, den chineál dá dtagraítear san fhoráil sin, ag an úinéir cógaslainne,
- (c) ag lia-chleachtóir cláráithe, is ionann é, chun críocha *alt 45* d'Acht na Lia-Chleachtóirí 1978 agus cibé méid de Chuid V den Acht sin a bhaineann leis an alt sin, nó aon achtacháin lena n-athachtaítear na forálacha sin, agus mí-iompar gairmiúil ag an lia-chleachtóir cláráithe,

(9) Beidh feidhm ag *fo-ailt (1)* go *(4)* agus *(10)*, agus ag cibé méid den chuid eile den alt seo a bhaineann leis na fo-ailt sin i ndáil le gnó miondíola cógaslainne cláráithe nó le cleachtas liachta a bhí á sheoladh go dleathach díreach roimh an Acht seo a rith, ach sin amháin le héifeacht ar agus ó cibé dáta is déanaí a shonrófar le hordú arna dhéanamh ag an Aire.

(10) San alt seo tá le “lia-chleachtóir cláráithe” an bhrí chéanna atá leis in *alt 63*.

65.—Maidir le haon ní in *ailt 63* agus *64*—

Cosaint maidir le leasanna maoiné áirithe.

(a) ní dhéanfaidh sé difear—

- (i) don teideal chun aon mhaoine,
- (ii) do bhailíocht nó do théarmaí aon léasa nó aon chonartha eile a bhaineann le maoin, ná
- (iii) do bhailíocht nó do théarmaí aon chead pleanála, aon cheadúnais, aon toilithe nó aon cheadaithe eile (cibé caoi a thuairiscítear é) a bhaineann le maoin,

ná

(b) ní laghdóidh sé saoirse aon duine dá dtagraítear sna hailt sin dul faoi léas ná Conradh eile a dhéanamh a bhaineann le maoin seachas ceann as a dtagann leas tairbhiúil den chineál dá dtagraítear in *alt 63* nó arb éard atá ann, nó go n-áirítear ann, socrú den chineál a thuairiscítear in *alt 64*.

CUID 7

CUMHACHTAÍ IMSCRÚDAITHE

66.—Sa Chuid seo—

Mínithe.

ciallaíonn “oifigeach údaraithe” duine arna cheapadh nó arna ceapadh faoi *alt 67(1)* chun bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach údaraithe;

folaíonn “iniúch” cuardaigh;

níl “áitreabh” teoranta do thalamh agus foirgnimh;

folaíonn “taifead” i dteannta taifid i scríbhinn—

(a) diosca, téip, fuaimrian nó feiste eile ina bhfuil faisnéis, fuaimeanna nó comharthaí corpraithe ionas gur féidir (le

cúnamh nó gan chúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh i bhfoirm inléite nó inchloiste,

(b) scannán, téip nó feiste eile ina bhfuil amharciómhánna corpraithe ionas gur féidir (le cúnamh nó gan chúnamh aon ghléis eile) iad a atáirgeadh in amharcfhoirm, agus

(c) grianghraf,

folaíonn aon tagairt do chóip de thaifead—

(i) i gcás taifid lena mbaineann *mír (a)*, athscríbhinn ar na fuaimeanna nó na comharthaí atá corpraithe ann,

(ii) i gcás taifid lena mbaineann *mír (b)*, fos-atáirgeadh ar na híomhánna atá corpraithe ann, agus

(iii) i gcás taifid lena mbaineann *míreanna (a)* agus *(b)*, athscríbhinn den sórt sin mar aon le fos-atáirgeadh den sórt sin;

ciallaíonn “ní iomchuí”—

(a) aon táirge íocshláinte,

(b) aon earra nó aon substaint a úsáidtear i dtaca le haon táirge íocshláinte a mhonarú, a ullmhú, a chumasc, a phróiseáil nó a stóráil, agus

(c) aon táirge íocshláinte tréidliachta;

folaíonn “an tAcht seo” aon riail nó aon rialachán arna déanamh nó arna dhéanamh faoin Acht seo.

Cumhachtaí chun dul isteach, cuardach a dhéanamh, urghabháil a dhéanamh, etc.

67.—(1) Maidir leis an gComhairle—

(a) féadfaidh sí cibé daoine agus cibé líon daoine is cuí leis an gComhairle a cheapadh chun bheith ina n-oifigigh údaraithe chun críocha na Coda seo, agus

(b) déanfaidh sí barántas ar cheapachán an oifigigh údaraithe a thabhairt do gach oifigeach arna cheapadh nó arna ceapadh amhlaidh.

(2) Déanfaidh oifigeach ainmnithe, le linn dó nó di feidhm a chomhlíonadh ar feidhm í a thugtar d’oifigeach údaraithe leis an gCuid seo nó fúithi, a bharántas nó a barántas a thabhairt ar aird lena iniúchadh má iarrann duine dá ndéanann comhlíonadh na feidhme sin difear air nó uirthi déanamh amhlaidh.

(3) D’fhonn a fháil amach an ndearnadh aon chion faoin Acht seo, ar sáraíodh cód iompair nó an ndearnadh aon mhí-iompar gairmiúil, nó d’fhonn faisnéis nó fianaise a fháil i dtaobh na nithe sin, féadfaidh oifigeach údaraithe—

(a) faoi réir *fho-alt (5)*, dul isteach (trí fhorneart réasúnach a úsáid más gá), gach tráth réasúnach, in aon áitreabh a bhfuil forais réasúnacha aige nó aici chun a chreidiúint—

(i) go bhfuil aon trádáil, gnó nó gníomhaíocht arb éard é seoladh gnó cógaisíochta miondíola nó trádáil, gnó nó gníomhaíocht i dtaca leis an gcéanna, nó

- (ii) go gcoimeádtar leabhair, taifid nó doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite) ann a bhaineann leis an trádáil, gnó nó gníomhaíocht sin,
- (b) iniúchadh a dhéanamh ag an áitreabh sin ar aon leabhair, taifid, doiciméid eile nó sleachta astu a gheobhaidh sé nó sí i gcúrsa a iniúchta nó a hiniúchta, agus cóipeanna díobh nó de shleachta astu a thógáil,
- (c) aon leabhair, taifid nó doiciméid eile den sórt sin a thabhairt chun siúil ón áitreabh sin agus iad a choinneáil ar feadh cibé tréimhse is dóigh leis nó léi le réasún is gá chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo,
- (d) cibé tástálacha, scrúduithe, anailísí, imscrúduithe agus seiceálacha a sheoladh, nó a chur faoi deara iad a sheoladh—
 - (i) ar an áitreabh,
 - (ii) ar aon ní iomchuí san áitreabh, nó
 - (iii) ar aon trealamh, innealra nó gléasra san áitreabh,
 is dóigh leis nó léi le réasún is gá chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo,
- (e) a cheangal ar aon duine san áitreabh nó ar úinéir an áitribh nó ar an duine atá ina fheighil agus ar aon duine a fhostaítear ann cibé cúnaimh agus faisnéis a thabhairt dó nó di agus cibé leabhair, taifid nó doiciméid eile a thabhairt ar aird dó nó di (agus i gcás doiciméad nó taifead a stóráiltear i bhfoirm neamh-inléite, atáirgeadh inléite díobh a thabhairt ar aird dó nó di) atá faoi chumhacht an duine sin nó ar fáil dó nó di agus a éileoidh sé nó sí le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo,
- (f) gan íocaíocht, samplaí a thógáil d'aon ní iomchuí a fhaightear san áitreabh chun críocha aon tástála, scrúdaithe nó anailíse,
- (g) a ordú nach ndéanfar an ní iomchuí sin a fhaightear san áitreabh agus a chreideann sé nó sí, ar fhorais réasúnacha, a chuireann faisnéis ar fáil faoi shárú forála den Acht seo nó faoi shárú cóid iompair nó faoi mhí-iompar gairmiúil cógaiseora, nó fianaise ar an gcéanna, a dhíol, a dháileadh ná a aistriú ón áitreabh, gan a thoiliú nó a toiliú,
- (h) aon áitreabh nó cuid d'aon áitreabh a dhaingniú lena iniúchadh nó lena hiniúchadh níos faide anonn, is áitreabh nó cuid d'áitreabh ina bhfaightear ní iomchuí, leabhair, taifid nó doiciméid eile, nó ina gcoimeádtar é nó iad de ghnáth, ar feadh cibé tréimhse is gá le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo,
- (i) gan íocaíocht, seilbh a ghlacadh ar aon ní iomchuí a fhaightear ann agus é a thabhairt chun siúil ón áitreabh lena thástáil, lena scrúdú nó lena anailísiú agus é a choinneáil go ceann cibé tréimhse a mheasann sé nó sí is

gá le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo,

- (j) gan íocaíocht, samplaí a thógáil d'aon ní iomchuí a bheidh á choinneáil de bhun *mhír* (i), chun críocha aon tástála, scrúdaithe nó anailíse,
- (k) i gcás nach mbeidh sé indéanta, ar chúis ar bith, samplaí a thógáil d'aon ní iomchuí de bhun *mhíreanna* (f) nó (j), an ní iomchuí lena mbaineann a thógáil, gan íocaíocht, chun críocha aon tástála, scrúdaithe nó anailíse,
- (l) aon sonraí de réir bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003 a iniúchadh agus a choipeáil nó faisnéis a bhaint astu,
- (m) a cheangal ar aon duine, agus údarás aige nó aici é sin a dhéanamh, aon choimeádán nó pacáiste a bhriseadh ar oscailt nó aon mheaisín a oscailt nó cead a thabhairt dó nó di é sin a dhéanamh, de réir mar a éileoidh sé nó sí le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo, nó
- (n) a cheangal ar aon duine a chuireann saoráidí de leithéid boscaí oifige poist, teileachumarsáide nó seoltaí poist leictreonacha nó saoráidí eile dá samhail ar fáil, cibé cúnaimh agus faisnéis a thabhairt dó nó di a éileoidh sé nó sí le réasún chun críocha a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo in aon chás ina mbeidh forais réasúnacha ag an oifigeach chun a chreidiúint go bhfuil aon ní iomchuí á sholáthar tríd an bpost nó ar mhodh seachadta eile.

(4) Le linn dó nó di feidhm a chomhlíonadh faoin gCuid seo, féadfaidh oifigeach údaraithe, faoi réir aon bharántais faoi *fho-alt* (6), cibé líon díobh seo a leanas a bheith ina theannta nó ina teannta—

- (a) oifigh údaraithe eile,
- (b) comhaltaí den Gharda Síochána, nó
- (c) daoine ag a bhfuil saineolas a bhaineann le haon ní iomchuí,

de réir mar is cuí leis nó léi in imthosca an cháis.

(5) Ní rachaidh oifigeach údaraithe isteach i dteaghais, seachas—

- (a) le toiliú an áititheora, nó
- (b) de réir barántais arna eisiúint faoi *fho-alt* (6).

(6) Ar iarratas ó oifigeach údaraithe, féadfaidh breitheamh den Chúirt Dúiche, más deimhin leis nó léi go bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint—

- (a) go bhfuil ní iomchuí le fáil in aon teaghais, nó go bhfuil nó go raibh aon phróiseas á dhéanamh air nó go bhfuil nó go raibh sé á stóráil in aon teaghais,

- (b) go bhfuil teaghais á háitiú go hiomlán nó go páirteach ag gnóthas a ghabhann d'aon trádáil, gnó nó gníomhaíocht dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)(i)*, nó
- (c) go bhfuil leabhair, taifid nó doiciméid eile (lena n-áirítear doiciméid atá á stóráil i bhfoirm neamh-inléite) dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)(ii)* á stóráil nó á gcoinneáil in aon teaghais,

barántas a eisiúint á údarú d'oifigeach údaraithe ainmnithe, agus cibé oifigh údaraithe eile, comhaltaí den Gharda Síochána nó daoine ag a bhfuil saineolas a bhaineann le haon ní iomchuí is gá ina theannta nó ina teannta, aon tráth nó tráthanna, laistigh de mhí amháin ó dháta eisithe an bharántais, dul isteach sa teaghais agus aon cheann d'fheidhmeanna oifigh údaraithe faoi *fho-alt (3)(b)* go (*n*) a chomhlíonadh.

(7) Aon duine—

- (a) a chuireann bac nó treampán ar oifigeach údaraithe, ar chomhalta den Gharda Síochána, nó ar dhuine ag a bhfuil saineolas a bhaineann le haon ní iomchuí, le linn dó nó di feidhm a thugtar dó nó di leis an gCuid seo nó le barántas faoi *fho-alt (6)* a chomhlíonadh,
- (b) a choisceann ar an oifigeach, ar an gcomhalta, nó ar an duine ag a bhfuil saineolas, de réir mar a bheidh, an fheidhm sin a chomhlíonadh nó a mhainníonn nó a dhiúltaíonn iarraidh nó ceanglas ón oifigeach, ón gcomhalta nó ón duine ag a bhfuil saineolas, de réir mar a bheidh, a chomhlíonadh, nó ceist a chuireann sé nó sí a fhreagairt, de bhun na míre seo, nó
- (c) a dhéanann, i gcomhlíonadh airbheartaithe na hiarrata nó an cheanglais sin nó mar fhreagra ar an gceist sin, faisnéis is eol dó nó di a bheith bréagach nó míthreorach in aon phonc ábhartha a thabhairt don oifigeach, don chomhalta, nó don duine ag a bhfuil saineolas, de réir mar a bheidh,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(8) I gcás go gcreideann oifigeach údaraithe, ar fhorais réasúnacha, go bhfuil cion faoin Acht seo déanta ag duine, féadfaidh sé nó sí a cheangal ar an duine sin a ainm nó a hainm, agus an seoladh ag a mbíonn gnáthchónaí air nó uirthi, a thabhairt dó nó di.

(9) Aon duine nach gcomhlíonann ceanglas faoi *fho-alt (8)*, gan leithscéal réasúnach, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(10) Ní bheidh ráiteas nó admháil ó dhuine de bhun ceanglais faoi *fho-alt (3)(e)* inghlactha mar fhianaise in imeachtaí a thionscnófar in aghaidh an duine sin i leith ciona (seachas cion faoi *fho-alt (7)*).

(11) Aon duine a thabharfaidh le fios go bréagach gur oifigeach údaraithe é nó í, beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(12) Ní mheasfar go gcuirtear iallach le haon ní sa mhír seo ar aon duine doiciméad a thabhairt ar aird a mbeadh sé nó sí díolmhaithe óna thabhairt ar aird in imeachtaí i gcúirt ar fhoras pribhléide gairmiúla dlíthiúla.

Samplaí.

68.—(1) Faoi réir *fho-alt (3)*, i gcás go dtógann oifigeach údaraithe sampla de ní iomchuí de bhun *alt 64(3)(f)* nó *(j)*, déanfaidh sé nó sí—

- (a) an sampla a roinnt ina 3 chuid, atá comhionann a bheag nó a mhór,
- (b) gach cuid a chur i gcoimeádán ar leithligh, agus
- (c) gach coimeádán acu sin a shéalú agus a mharcáil ar shlí go ndéantar é a shainaithint mar chuid den sampla a thóg an t-oifigeach údaraithe sin.

(2) I gcás gur chomhlíon oifigeach údaraithe *fo-alt (1)*, déanfaidh sé nó sí—

- (a) ceann amháin de na coimeádáin shéalaithe a thairiscint don úinéir nó don duine atá de thuras na huaire i bhfeighil nó i seilbh an ní iomchuí ónar tógadh an sampla lena mbaineann,
- (b) ceann de na coimeádáin shéalaithe a choinneáil, agus
- (c) ceann de na coimeádáin shéalaithe a chur ar aghaidh, nó a chur faoi deara é a chur ar aghaidh, chun go ndéanfaidh duine a luaitear in *alt 69(1)(a)*, *(b)* nó *(c)* tástáil, scrúdú nó anailís ar an sampla lena mbaineann.

(3) I gcás go mbeidh ní iomchuí i gcoimeádán agus nach indéanta ar chúis ar bith é a roinnt i gcodanna de bhun *fho-alt (1)*, déanfaidh oifigeach údaraithe, ar mian leis nó léi samplaí de na nithe iomchuí sin a thógáil chun críocha aon tástálacha, scrúdaithe nó anailise, seilbh a ghlacadh ar 3 choimeádán den sórt sin a bhaineann leis an mbaisc chéanna, agus measfar go bhfuil gach coimeádán den sórt sin ina chuid de shampla chun críocha *fho-alt (1)*, agus beidh feidhm dá réir sin ag forálacha *fho-alt (1)* agus *(2)* maidir leis.

(4) I gcás go dtógann oifigeach údaraithe ní iomchuí de bhun *alt 67(3)(k)*, déanfaidh sé nó sí—

- (a) an ní iomchuí a chur i gcoimeádán,
- (b) an coimeádán a shéalú agus a mharcáil láithreach ar shlí go ndéantar é a shainaithint mar ní iomchuí arna thógáil de bhun an ailt sin, agus
- (c) an coimeádán séalaithe a chur ar aghaidh, nó a chur faoi deara é a chur ar aghaidh, chun go ndéanfaidh duine a luaitear in *alt 69(1)(a)*, *(b)* nó *(c)* tástáil, scrúdú nó anailís ar an ní iomchuí.

Fianaise.

69.—(1) In aon imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo, maidir le deimhniú san fhoirm a shonraítear i *Sceideal 3* a ghabhann leis an Acht seo agus atá sínithe—

- (a) ag ceachtar díobh seo a leanas—
 - (i) an Ceimiceoir Stáit, nó
 - (ii) ceimiceoir eile atá fostaithe nó fruilithe sa Saotharlann Stáit agus atá údaraithe ag an gCeimiceoir Stáit chun an deimhniú a shíniú,

- (b) ag ceachtar díobh seo a leanas—
- (i) anailísí poiblí arna cheapadh nó arna ceapadh faoi alt 10 den *Sale of Food and Drugs Act 1875*, nó
- (ii) anailísí eile atá údaraithe ag anailísí poiblí den sórt sin chun an deimhniú a shíniú,
- nó
- (c) ag poitigéir nó anailísí arna cheapadh nó arna ceapadh ag an gComhairle,

ina luaitear toradh aon tástála, scrúdaithe nó anailíse ar shampla d'aon ní iomchuí, nó ar aon ní iomchuí, de réir mar a bheidh, arna chur ar aghaidh faoi alt 68(2)(c) nó (4)(c), beidh an deimhniú sin, maidir leis an sampla sin den ní iomchuí nó maidir leis an ní iomchuí, de réir mar a bheidh, ina fhianaise ar na nithe a luaitear sa deimhniú, mura gcruthaítear a mhalairt.

(2) In imeachtaí i leith ciona faoin Acht seo, beidh ní iomchuí, nó pacáiste ina bhfuil ní iomchuí, ar a bhfuil trádmharc ina fhianaise, mura gcruthaítear a mhalairt, gurb é an duine a raibh an trádmharc sin ar úinéireacht aige nó aici an tráth a líomhnaítear go ndearnadh an cion an duine a mhonaraigh an ní.

(3) Sa mhír seo, tá le “trádmharc” an bhrí chéanna atá leis in Acht na dTrádmharcanna 1996.

70.—I gcás gur deimhin leis an gComhairle go bhfuil oifigeach údaraithe arna cheapadh nó arna ceapadh aici tar éis a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin gCuid seo a chomhlíonadh de mheon macánta, slánóidh an Chomhairle an t-oifigeach údaraithe in aghaidh gach caingne nó éilimh a eascróidh as comhlíonadh na bhfeidhmeanna sin.

Oifigigh údaraithe a shlánú.

71.—(1) Breithneoidh an Chomhairle tuarascáil scríofa ó oifigeach údaraithe tar éis dó nó di imscrúdú a dhéanamh faoin gCuid seo a luaithe is indéanta tar éis í a fháil agus déanfaidh sí cibé ceann díobh seo a leanas is cúí léi—

Feidhmeanna na Comhairle ar thuarascáil a fháil ar imscrúdú ag oifigeach údaraithe.

- (a) gan aon ghníomh a dhéanamh,
- (b) imeachtaí araíonachta a thionscnamh,
- (c) más dealraitheach don Chomhairle go bhfuil aon duine dá dtagraíonn an tuarascáil scríofa ciontach i gcion, déanfaidh sí, faoi réir *mhír (d)* agus *fho-alt (3)*, a ordú don chláráitheoir gníomh sonraithe a dhéanamh agus déanfaidh an cláráitheoir an gníomh sin,
- (d) cibé gníomh eile a dhéanamh is cúí léi sna himthosca.

(2) Chun críocha *fho-alt (1)(c)*, féadfar a áireamh i ngníomh sonraithe a bheidh le déanamh ag an gcláráitheoir an ní a tharchur chuig aon chomhlacht nó údarás poiblí atá ag feidhmiú feidhmeanna atá iomchuí ó thaobh na nithe atá á mbreithniú ag an gComhairle, le linn di an gníomh dá dtagraítear san fhorail sin a stiúradh, agus, i gcás den sórt sin, tabharfaidh an cláráitheoir ar aird cibé faisnéis, agus tabharfaidh sé nó sí cibé rochtain ar aon doiciméid agus cibé saoráidí chun a n-iniúchta agus chun cóipeanna a dhéanamh díobh,

ar faisnéis í nó ar doiciméid iad, a bhaineann leis an ní atá i gceist, atá i seilbh nó faoi urláimh an oifigigh údaraithe, na Comhairle, nó an chláraitheora, agus a theastóidh ón gcomhlacht nó ón údarás sin.

(3) Folaíonn an gníomh a fhéadfaidh an Chomhairle a dhéanamh faoi *fho-alt (1)(d)*, i gcás ciona faoin Acht seo, an Chomhairle do thabhairt imeachtaí achoimre i leith an chiona.

Pionóis mar gheall ar chionta.

72.—(1) Faoi réir *fho-alt (2)*, maidir le haon duine atá ciontach i gcion faoin Acht seo nó faoi rialacháin arna ndéanamh faoi gcéanna dlífear—

- (a) ar é nó í a chiontú go hachomair, fíneáil nach mó ná €3,000 nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 6 mhí, nó iad araon, a chur air nó uirthi, nó
- (b) ar é nó í a chiontú ar díotáil—
 - (i) i gcás an chéad chiona, fíneáil nach mó ná €130,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 5 bliana, nó iad araon,
 - (ii) i gcás an dara cion nó cion dá éis sin faoin bhforáil chéanna, fíneáil nach mó ná €320,000, nó príosúnacht ar feadh téarma nach faide ná 10 mbliana, nó iad araon,

a chur air nó uirthi.

(2) Déanfaidh an chúirt, i gcás go gciontaítear an duine i gcion, ach amháin gur deimhin léi go bhfuil cúiseanna speisialta substaintiúla ann gan déanamh amhlaidh, a ordú do dhuine na costais agus na caiteachais, arna dtomhas ag an gcúirt, a thabhaigh lucht an ionchúisimh i ndáil leis an gcion a ionchúiseamh, a íoc le lucht an ionchúisimh.

(3) Más rud é, maidir le cion atá déanta faoin Acht seo ag comhlacht corpraithe, go gcruthaítear go ndearnadh amhlaidh é le toiliú, cúltheadú nó ceadú, nó gurbh inchurtha é i leith aon fhaillí toiliúla ar thaobh, aon duine is stiúrthóir, bainisteoir, rúnaí nó aon oifigeach eile de chuid an chomhlachta chorpraithe nó duine a d'airbheartaigh a bheith ag gníomhú in aon cháil den sórt sin, beidh an duine sin, chomh maith leis an gcomhlacht corpraithe, ciontach i gcion agus dlífear imeachtaí a shaothrú ina choinne nó ina coinne agus é nó í a phionósú amhail is dá mbeadh sé nó sí ciontach sa chion céadluaite.

(4) I *bhfo-alt (3)*, folaíonn “stiúrthóir” cúlstiúrthóir de réir na brí a thugtar le halt 27 d’Acht na gCuideachtaí 1990.

CUID 8

ILGHNÉITHEACH AGUS GINEARÁLTA

Srian leis an *Apothecaries Hall Act 1791*.

73.—Maidir leis na cumhachtaí a thugtar leis an *Apothecaries Hall Act 1791*—

- (a) don chúirt stiúrthóirí a bunaíodh leis an Acht sin, chun gach ullmhóid cheimiceach agus chomhdhúileach agus

gach turgnamh ceimiceach agus comhdhúileach a iniúchadh agus a stiúradh,

- (b) chun socrú a dhéanamh maidir le comhdhéanamh cógas, nó i dtaca leis sin, agus
- (c) chun printísigh agus ceardaithe a scrúdú i dtaca le gnó poitigéirí a fhoghlaim agus a sheoladh, agus chun a dheimhniú go bhfuil siad cáilithe chun na gcríoch sin,

scoirfidh siad de bheith infheidhmithe.

74.—(1) Leasaítear alt 14 d’Acht na Nimheanna 1961 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (3)—

Leasú ar Acht na Nimheanna 1961.

(3A) Ní ceadmhach don Aire, áfach, substaint, ar mar tháirge íocshláinte amháin de réir bhrí alt 2(1) den *Acht Cógaisíochta 2007* a úsáidtear í, a dhearbhu a bheith ina nimh chun críocha na rialachán arna ndéanamh faoi fho-alt (2) nó aon fhorála de na rialacháin sin.”.

(2) Leasaítear Acht na Nimheanna 1961 tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 18—

“Siopa a choimeád ar oscailt chun nimheanna a dhíol.

18A.—(1) Aon duine a choimeádann siopa ar oscailt chun nimheanna a dhíol, ar shlí eile seachas de réir fho-ailt (3) nó (4), tá cion déanta aige nó aici.

(2) Níl feidhm ag fo-alt (1) maidir le siopa a choimeád ar oscailt ag duine d’aicme atá sonraithe i rialacháin faoi alt 14 a choimeádann siopa ar oscailt de réir na rialachán sin.

(3) Tá an fo--alt seo á chomhlíonadh más rud é—

(a) maidir leis an duine dá dtagraítear i bhfo-alt (1)—

(i) gur cógaiseoir cláraithe é nó í,

(ii) gur drugadóir cláraithe é nó í,

(iii) gur ionadaí pearsanta é nó í do dhuine a raibh, tráth a bháis nó a báis, siopa á choimeád ar oscailt go dleathach aige nó aici chun nimheanna a dhíol,

(iv) gurb é nó gurb í Sannaí Oifigiúil, nó coiste, duine a bhfuil siopa á choimeád ar oscailt go dleathach aige nó aici chun nimheanna a dhíol atá breithnithe ina fhéimheach nó ina féimheach nó a thiocfaidh chun bheith ina fhéichiúnaí comhshocraíochta nó ina féichiúnaí comhshocraíochta de réir bhrí alt 3 den Acht Féimheachta 1988 nó a dtiocfaidh mímhéabhair air nó uirthi, nó

(v) gur comhlacht corpraithe é nó í,

agus

(b) go bhfuil an siopa á bhainistiú go pearsanta ag cógaiseoir cláraithe nó ag drugadóir cláraithe.

(4) Déanfaidh Comhairle Chumann Cógaisíochtaí na hÉireann, le ceadú an Aire, cibé rialacha a mheasfaidh sí is cuí chun oibriú agus comhlíonadh fho-ailt (1) go (4) a éascú; agus féadfaidh foráil a bheith sna rialacha sin maidir leis an méid seo a leanas—

(a) taifid a choimeád i ndáil leis na háitribh ina bhfuil siopa á choimeád ar oscailt chun nimheanna a dhíol agus i ndáil le daoine atá fostaithe sna siopaí sin, agus

(b) ráitis agus tuairisceáin a thabhairt.

(5) Beidh feidhm ag fo-alt (4) d'alt 11 den Acht Cógaisíochta 2007 i ndáil le rialacha arna ndéanamh faoi fho-alt (4) den alt seo mar atá feidhm aige maidir le rialacha arna ndéanamh faoi fho-ailt (2) nó (3) den alt sin.

(6) Aon duine atá ciontach i gcion faoin alt seo, dlífeair, ar é nó í a chiontú go hachomair, an pionós céanna dá bhforáiltear, ar dhuine a chiontú go hachomair, in alt 72(1) den Acht Cógaisíochta 2007 a chur air nó uirthi.

(7) Beidh feidhm ag alt 72(2) agus (3) den Acht Cógaisíochta 2007 i leith ciona faoin alt seo mar atá feidhm acu maidir le cion faoin Acht sin.”.

Léiriú ar thagairtí do phoitigéirí cógaisíochta, do dhaoine a choimeádann siopa ar oscailt, etc.

75.—(1) Aon tagairt (cibé slí atá sí sainráite) in achtachán roimhe seo do phoitigéir cógaisíochta atá cláraithe faoin *Pharmacy Act (Ireland) 1875* nó do chógaiseoir agus do dhrugadóir urghnaimh atá cláraithe faoin Acht Cógaisíochta 1951, forléireofar í mar thagairt do chógaiseoir cláraithe.

(2) Aon tagairt (cibé slí atá sí sainráite) in achtachán roimhe seo d'aon duine eile a choimeádann siopa ar oscailt chun oidis liachta a urghnamh nó a chumasc faoi na hAchtanna Cógaisíochta 1875 go 1977, forléireofar í—

(a) más rud é, i ndáil leis an gcógaiseoir, gur ionadaí an duine de réir na brí a thugtar le *halt 25(2)*, mar thagairt don ionadaí sin, agus

(b) in aon chás eile, mar thagairt do ghnó cógaisíochta miondíola cláraithe.

(3) San alt seo—

ciallaíonn “achtachán roimhe seo” achtachán a ritheadh nó a rinneadh roimh theacht i gngómh an ailt seo;

déanfar “ionadaí cógaiseora chláraithe” a fhorléiriú de réir *ailt* 25 agus 26.

76.—(1) Déanfar cód cleachtais a bhfuil éifeacht leis faoi *ailt* 7(2)(a)(iii) agus 12, rialacha a rinneadh faoi *alt* 11, 30 nó 74, agus rialacháin a rinneadh faoi *alt* 18(4), a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is indéanta tar éis dó teacht in éifeacht nó, de réir mar a bheidh, tar éis a ndéanta.

Cóid, rialacha agus rialacháin.

(2) Má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis na rialacháin a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na rialachán sin, beidh na rialacháin ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoi na rialacháin.

(3) Déanfar dréacht de gach ordú beartaithe faoi *alt* 8 a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus ní dhéanfar an t-ordú ach amháin go bhfuil rún rite ag gach Teach acu sin ag ceadú an dréachta.

SCEIDEAL 1

Alt 10.

AN CHOMHAIRLE AGUS A COMHALTAÍ AGUS FOSTAITHE AN CHUMAINN

Téarma oifige

1. (1) Beidh comhaltaí na Comhairle i seilbh oifige ar feadh téarma 4 bliana ó dháta an cheaptha.

(2) Ach beidh 6 chomhalta de na comhaltaí a chéadcheapfar de bhua *ailt* 10(3)(a), (b), (c), (d) agus (e), agus 5 chomhalta de na comhaltaí a chéadcheapfar de bhua *alt* 10(3)(f) (arna léamh le *halt* 10(5)) agus (g) tar éis an tAcht seo a rith i seilbh oifige ar feadh téarma 2 bhliain ó dháta an cheaptha.

(3) Cinnfear na comhaltaí a bheidh ar áireamh sna líonta a luaitear i *bhfomhír* (2) le crannchur a dhéanfar ar an modh a cheapfaidh an tAire.

Dícháiliú chun Oifig a shealbhú

2. (1) Ní bheidh duine cáilithe le haghaidh oifige, agus scoirfidh comhalta de bheith cáilithe amhlaidh agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú, más rud é—

- (a) go mbreithnítear ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) go ndéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
- (c) go gciontaítear é nó í in aon chion indíotáilte,
- (d) go gciontaítear é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht,
- (e) go ndéantar ordú ina thaobh nó ina taobh faoi *alt* 160 d'Acht na gCuideachtaí 1990, nó
- (f) go gcuirtear téarma príosúnachta air nó uirthi.

(2) Ní bheidh éifeacht le dícháiliú faoi *fhomhír (1)(a), (c), (d)* nó *(e)* go dtí go mbeidh an gnáth-thráth le haghaidh achomhairc in aghaidh an bhreithnithe, an chiontaithe nó, de réir mar a bheidh, an ordaithe dulta in éag, nó más rud é go dtionscnaítear an t-achomharc, go ndéanfar é (nó aon achomharc eile) a chinneadh ar shlí lena seastar leis an mbreithniú, leis an gciontú nó leis an ordú nó lena dtréigtear é.

(3) Féadfaidh an tAire aon tráth comhalta a chur as oifig más rud é—

- (a) i dtuairim an Aire, go bhfuil an comhalta tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca breoiteachta, ar a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh,
- (b) gur mhí-iompair an comhalta é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe, nó
- (c) más dealraitheach don Aire gur gá an comhalta a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Chomhairle a feidhmeanna go héifeachtach.

(4) Ní theorannaítear le *fomhír (2)* cumhacht an Aire faoi *mhír 2I(2)* chun aon chomhalta den Chomhairle nó comhaltaí uile na Comhairle a chur as oifig.

Coinníollacha oifige

3. Faoi réir choinníollacha eile an Achta seo, beidh comhalta i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le caiteachais agus liúntais) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais.

Uachtarán agus Leas-Uachtarán

4. (1) Toghfaidh an Chomhairle as measc a comhaltaí ar cógaiseoirí cláraithe iad Uachtarán agus Leas-Uachtarán, ar a dtabharfar faoi seach Uachtarán agus Leas-Uachtarán Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (dá ngairtear “Uachtarán” agus “Leas-Uachtarán” faoi seach sa Sceideal seo).

(2) Beidh an tUachtarán agus an Leas-Uachtarán i seilbh oifige ar feadh bliana.

(3) Ní shealbhóidh aon duine oifig an Uachtaráin nó an Leas-Uachtaráin ar feadh níos mó ná 2 bhliain chomhleantacha.

Corrfholúntais

5. (1) Má éagann comhalta, má éiríonn comhalta as oifig, má scoireann comhalta d’oifig a shealbhú nó má chuirtear comhalta as oifig (dá ngairtear “iarchomhalta” sa mhír seo), féadfaidh an tAire duine (dá ngairtear “comhalta nua” sa mhír seo) a cheapadh chun an corrfholúntas a líonadh ar an gcaoi chéanna (ag féachaint *d’alt 10(3)*) ar ar cheapadh an t-iarchomhalta.

(2) Beidh comhalta nua i seilbh oifige ar feadh a mbeidh gan chaitheamh de thréimhse oifige an iarchomhalta ar dháta ceaptha an chomhalta nua agus beidh sé nó sí inathcheaptha ar dhul in éag don tréimhse sin.

Cruinnithe agus Nós Imeachta na Comhairle

6. (1) Tionólfaidh an Chomhairle 4 chruinniú i ngach tréimhse 12 mhí agus féadfaidh sí cibé cruinnithe eile a thionól is gá chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

(2) Ag cruinniú den Chomhairle, is é nó is í—

(a) an tUachtarán, nó

(b) mura a mbeidh sé nó sí i láthair, an Leas-Uachtarán, nó

(c) mura mbeidh ceachtar den bheirt sin i láthair, comhalta arna roghnú ag na comhaltaí a bheidh i láthair,

a rachaidh i gceannas ar an gcruinniú.

(3) Folaíonn an tagairt i *bhfo-alt (2)* don Uachtarán nó don Leas-Uachtarán a bheith as láthair tagairt d'fholúntas san oifig sin.

(4) Cinnfear gach ceist ag cruinniú le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a vótálfaidh, agus, i gcás na vótaí a bheith roinnte go cothrom, beidh vóta réitigh ag cathaoirleach an chruinnithe.

(5) Faoi réir *fhomhír (6)*, féadfaidh an Chomhairle gníomhú d'ainneoin folúntais nó folúntas ina comhaltas.

(6) 11 chomhalta is córam do chruinniú, mura n-ordóidh an tAire a mhalairt.

(7) Socróidh an Chomhairle go ndéanfar an gnó a dhéantar ag a cruinnithe agus ag cruinnithe a coistí a thairfeadh agus, faoina réir sin agus faoi réir na bhforálacha eile den Acht seo, déanfaidh sí a nós imeachta agus nós imeachta a coistí a rialáil le rialacha agus ar shlí eile de réir mar is cúf léi.

Coistí den Chomhairle

7. (1) I dteannta na gcoistí araíonachta nach foláir don Chomhairle a bhunú faoi *alt 34*, féadfaidh sí coistí a bhunú chun comhairle a thabhairt di i ndáil lena feidhmeanna a chomhlíonadh (dá ngairtear “coistí comhairleacha” sa Sceideal seo) agus féadfaidh sí a dtéarmaí tagartha a chinneadh.

(2) Beidh feidhm ag *fomhíreanna (3)* go *(6)* maidir le coistí araíonachta agus coistí comhairleacha.

(3) Féadfaidh daoine nach comhaltaí den Chomhairle a bheith ar choiste.

(4) Féadfaidh an Chomhairle comhalta de choiste a bhaint den choiste.

(5) Déanfaidh an Chomhairle comhalta de choiste a cheapadh mar chathaoirleach ar an gcoiste.

(6) Déanfaidh an Chomhairle an córam do choiste a shocrú.

(7) Féadfaidh an Chomhairle coiste arna bhunú faoi *fhomhír (1)* a dhíscáoilleadh.

Comhallas de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa ag Comhalta den Chomhairle nó d'Fhoireann an Chumainn

8. (1) Aon chomhalta den Chomhairle—

- (a) a ainmnítear mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) a thoghtar mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) a mheastar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

scoirfidh sé nó sí air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle.

(2) Aon fhostaí de chuid an Chumainn—

- (a) a ainmnítear mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) a thoghtar mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) a mheastar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997, a bheith tofa chun na Parlaiminte sin,

beidh sé nó sí ansin ar iasacht ó fhostaíocht ag an gCumann.

(3) Maidir le fostaí atá ar iasacht faoi *fhomhír* (2), ní íocfaidh an Cumann leis nó léi aon luach saothair ná aon liúntais ná ní bheidh sé nó sí i dteideal luach saothair ná liúntais den sórt sin a fháil ón gCumann i leith na tréimhse dar tosach dáta an ainmniúcháin nó an toghadh sin nó an tráth a mheastar amhlaidh é nó í a bheith tofa (de réir mar a bheidh) agus dar críoch an tráth a scoirfidh an duine sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach díobh sin nó de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Pharlaimint sin.

(4) Aon duine a bheidh i dteideal faoi bhuanorduithe ceachtar Tí den Oireachtas suí ann nó a bheidh ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, beidh sé nó sí, a fhad is a bheidh sé nó sí ina theideal amhlaidh nó a bheidh sé ina chomhalta nó a bheidh sí ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle agus chun fostaíocht a fháil in aon cháil ón gComhairle.

(5) Ní áireofar tréimhse atá luaite i *bhfomhír* (3), chun críocha aon sochair aoisliúntais, mar sheirbhís leis an gCumann.

Leasanna áirithe a nochtadh

9. (1) Sa mhír seo—

ciallaíonn “gaol bainteach”, i ndáil le duine, céile, fear agus bean nach bhfuil pósta le chéile ach atá in aontíos le chéile mar fhearchéile agus mar bhanchéile, mar thuismitheoir, mar dheartháir, mar dheirfiúr, mar leanbh nó mar chéile duine clainne de chuid an duine;

ciallaíonn “cruinniú” cruinniú den Chomhairle nó de choiste de chuid na Comhairle;

folaíonn “comhalta” comhalta de choiste de chuid na Comhairle;

ciallaíonn “ní sonraithe”—

- (a) socrú ar páirtí ann an Chomhairle nó socrú den sórt sin atá beartaithe, nó
- (b) conradh nó comhaontú eile leis an gComhairle nó conradh nó comhaontú den sórt sin atá beartaithe.

(2) Maidir le comhalta atá i láthair ag cruinniú mar a n-éiríonn ní sonraithe, ar comhalta é nó í a bhfuil leas aige nó aici sa ní sin ar shlí seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta—

- (a) déanfaidh sé nó sí an fíoras sin agus réim an leasa a nochtadh ag an gcruinniú,
- (b) ní imreoidh sé nó sí tionchar ná ní fhéachfaidh sé nó sí le tionchar a imirt ar bhreith i ndáil leis an ní,
- (c) fanfaidh sé nó sí as láthair ón gcruinniú nó ón gcuid sin den chruinniú a mbeidh an ní á phlé lena linn,
- (d) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní, agus
- (e) ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú breise ón gComhairle ná ó aon choiste dá cuid a bhaineann leis an ní.

(3) Chun críocha na míre seo, ach gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt* (2), measfar leas a bheith ag comhalta i ní má tá leas den sórt sin ag gaol bainteach de chuid an chomhalta sin nó ag ainmní de cheachtar díobh.

(4) Déanfar an nochtadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe agus, fad a bheidh an cruinniú ag plé leis an ní sonraithe, ní áireofar an comhalta a dhéanann an nochtadh i ndáil lena chinneadh an bhfuil córam don chruinniú i láthair.

(5) Is é an cathaoirleach a chinnfidh an cheist i dtaobh an sárú nó ar shárú ar *fhomhír* (2) iompar áirithe comhalta, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i gcinneadh an chathaoirligh, agus déanfar na sonraí faoin gcinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(6) I gcás gurb é an comhalta dá dtagraítear i *bhfomhír* (4) an cathaoirleach, roghnóidh an cruinniú comhalta eile ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú chun críocha an chinnidh.

(7) Más deimhin leis an Aire gur sháraigh comhalta *fomhír* (2), féadfaidh an tAire an comhalta a chur as oifig, agus beidh an duine sin dícháilithe ansin chun oifig a shealbhú.

Fostaithe do nochtadh leasanna áirithe

10. (1) Sa mhír seo—

tá le “gaol bainteach” an bhrí chéanna atá leis i *mír* (9);

tá le “leas ábhartha” i ndáil le fostaí de chuid an Chumainn an bhrí chéanna atá leis san Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 i ndáil le duine a shealbhaíonn post ainmnithe;

tá le “ní sonraithe” an bhrí chéanna atá leis i *mír (9)*.

(2) Maidir le fostaí de chuid an Chumainn ag a bhfuil, ar shlí eile seachas mar fhostaí den sórt sin, leas ábhartha i ní sonraithe—

- (a) nochtfaidh sé nó sí an fíoras sin don Chomhairle, agus réim an leasa,
- (b) ní imreoidh sé nó sí tionchar, ná ní fhéachfaidh le tionchar a imirt ar aon bhreith a bheidh le déanamh i ndáil leis an ní,
- (c) ní dhéanfaidh sé nó sí aon mholadh i ndáil leis an ní, agus
- (d) ní ghlacfaidh sé nó sí páirt i gcaibidil an ní ná in aon bhreithniú ag an gComhairle nó ag fostaíthe an Chumainn i ndáil leis an ní sin.

(3) Chun críocha na míre seo ach gan dochar do ghinearáltacht *fhomhír (2)*, measfar leas ábhartha i ní a bheith ag fostaí má tá leas den sórt sin ag gaol bainteach de chuid an fhostaí, nó ag ceachtar acu.

(4) I gcás go dteipeann ar fhostaí nochtadh a dhéanamh de réir na míre seo, cinnfidh an Chomhairle an gníomh is cuí a dhéanamh (agus féadfaidh foirceannadh a chonartha nó a conartha fostaíochta a bheith san áireamh).

Nochtadh neamhúdaraithe faisnéise rúnda a thoirmeasc

11. (1) Aon duine a nochtfaidh faisnéis rúnda a fuarthas le linn a bheith—

- (a) ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle nó de cheann dá coistí,
- (b) ina chomhairleoir nó ina comhairleoir, nó ina shainchomhairleoir nó ina sainchomhairleoir, don Chumann nó don Chomhairle nó do cheann dá choistí,
- (c) ina fhostaí nó ina fostaí den Chomhairle,

beidh sé nó sí ciontach i gcion.

(2) Sa mhír seo, folaíonn “faisnéis rúnda”—

- (a) faisnéis arna dearbhú ag an gComhairle a bheith rúnda (cibé acu faisnéis áirithe nó faisnéis d’aicme nó de thuirisc), agus
- (b) tograí de chineál tráchtála nó tairiscintí a cuireadh faoi bhráid na Comhairle.

(3) Ní thoirmistear le haon ní sa mhír seo faisnéis a nochtadh trí thuarascáil—

- (a) arna tabhairt don Chumann, don Chomhairle nó do cheann dá coistí, nó
- (b) arna tabhairt ag an gComhairle nó thar ceann na Comhairle don Aire.

Barrachais a chur chun feidhme

12. (1) Tá feidhm ag *fomhír* (2) maidir le haon airgead ar dealraitheach don Chomhairle é a bheith fágtha ar lámh tar éis a caiteachais a íoc (dá ngairtear an “barrachas” sa mhír seo).

(2) Féadfaidh an Chomhairle an barrachas, lena n-áirítear aon bharrachas ar shócmhainní a dhiúscairt, a chaitheamh, de réir mar is cuí léi, ar na nithe seo a leanas—

- (a) forbairt an oideachais,
- (b) taighde, nó
- (c) aon chríoch phoiblí eile,

atá bainteach leis an gcógaisíocht.

Cláraitheoir

13. (1) Ceapfaidh an Chomhairle príomhoifigeach ar an gCumann ar a dtabharfar Cláraitheoir Chumann Cógaiseoirí na hÉireann (dá ngairtear an “cláraitheoir” san Acht seo).

(2) Íocfaidh an Cumann leis an gcláraitheoir cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham, le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais.

(3) Déanfar an cláraitheoir a fhostú ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an Chomhairle le ceadú an Aire.

(4) Coimeádfaidh an cláraitheoir na cláir, déanfaidh sé nó sí riarachán agus gnó an Chumainn a bhainistiú agus a rialú agus comhlíonfaidh sé nó sí cibé feidhmeanna eile a chinnfidh an Chomhairle.

Foireann Chumann Cógaiseoirí na hÉireann

14. (1) Féadfaidh an Chomhairle cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh ina bhfostaithe den Chumann agus a chinnfidh an Chomhairle le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais.

(2) Íocfaidh an Cumann le fostaí den Chumann cibé luach saothair agus liúntais a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham le ceadú an Aire agus le toiliú an Aire Airgeadais

(3) Déanfar fostaí den Chumann a fhostú ar cibé téarmaí agus coinníollacha eile a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham le ceadú an Aire.

(4) Comhlíonfaidh fostaí den Chumann cibé dualgais a chinnfidh an Chomhairle ó am go ham.

(5) Ní ceadmhach d’fhostaí den Chumann a bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle.

Aoisliúntas

15. (1) Déanfaidh an Cumann scéim nó scéimeanna chun sochair aoisliúntais a dheonú do cibé comhaltaí d’fhoireann an Chumainn is cuí leis an gCumann, nó ina leith, a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Déanfaidh gach scéim den sórt sin an tráth scoir agus na coinníollacha scoir do na daoine go léir a mbeidh sochair aoisliúntais iníoctha leo, nó ina leith, faoin scéim a shocrú, agus féadfar tráthanna éagsúla agus coinníollacha éagsúla a shocrú i leith aicmí éagsúla daoine.

(3) Féadfar gach scéim den sórt sin a leasú nó a chúlghairm le scéim ina dhiaidh sin a ullmhófar, a chuirfear faoi bhráid an Aire agus a cheadófar faoin alt seo.

(4) Maidir le scéim arna cur bhráid an Aire ag an gCumann faoin alt seo, má cheadaíonn an tAire í le toiliú an Aire Airgeadais, is é an Cumann a chuirfidh i grích í de réir a téarmaí.

(5) Ní dhéanfaidh an Cumann aon sochar aoisliúntais a dheonú ná ní dhéanfaidh an Cumann socruithe ar bith eile chun sochar den sórt sin a sholáthar do chomhalta d'fhoireann an Chumainn, nó ina leith, ar shlí seachas de réir scéime faoin alt seo nó le toiliú an Aire agus an Aire Airgeadais.

(6) Maidir le gach scéim arna déanamh faoin alt seo, beidh foráil inti le haghaidh achomharc.

(7) Déanfar scéim faoin alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a déanta agus, má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an scéim a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú na scéime, beidh an scéim ar neamhniú dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin scéim.

Cuntais agus iniúchadh

16. (1) Coinneoidh an Chomhairle cuntais chuí—

(a) ar ioncam agus ar chaiteachas uile an Chumainn, lena n-áirítear ar fhoinsí an ioncaim sin, agus

(b) ar mhaoín agus ar dhliteanais an Chumainn.

(2) Déanfaidh iniúcháir, a cheapfaidh an Chomhairle chun na críche sin, na cuntais a iniúchadh uair sa bhliain ar a laghad agus déanfaidh an Chomhairle táillí an iniúchára sin agus caiteachais an iniúchta sin a íoc a luaithe is indéanta tar éis gach iniúchta.

(3) Déanfaidh an Chomhairle, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais, cóipeanna de na cuntais agus de dheimhniú agus tuarascáil na n-iniúcháirí a chur faoi bhráid an Aire.

(4) A luaithe is indéanta tar éis na cóipeanna sin a chur faoi bhráid an Aire amhlaidh, déanfaidh an tAire iad a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas agus, a luaithe is indéanta tar éis iad a leagan faoina mbráid amhlaidh, cuirfidh an Chomhairle faoi deara iad a chló, a fhoilsiú agus a chur ar díol.

Tuarascáil bhliantúil

17. (1) Tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, déanfaidh an Chomhairle tuarascáil maidir lena gníomhaíochtaí sa bhliain sin a chur faoi bhráid an Aire agus déanfaidh an tAire, a luaithe is indéanta, cóipeanna den tuarascáil a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

(2) A luaithe is indéanta tar éis an tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire amhlaidh, cuirfidh an Chomhairle faoi deara í a chló, a fhoilsíú agus a chur ar díol.

An Chomhairle d'fheidhmiú cumhacht an Chumainn chun airgead a fháil ar iasacht

18. (1) Is faoi réir aon choinníollacha a fhorchuirfidh an tAire, nó de réir aon ordachán a thabharfaidh an tAire, le toiliú an Aire Airgeadais, a fheidhmeoidh an Chomhairle cumhacht an Chumainn chun airgead a fháil ar iasacht.

(2) Aon airgead a gheofar ar iasacht amhlaidh agus aon ús a fhaibhreoidh air, déanfar iad a urrú ar ioncam nó ar mhaoin an Chumainn.

An Chomhairle do ghlacadh le bronntanais

19. Féadfaidh an Chomhairle glacadh le bronntanais talún, airgid nó maoin eile, ach sin sa chás amháin go mbeidh aon iontaobhais nó coinníollacha a shonróidh an deontóir ar comhréir le feidhmeanna an Chumainn.

Cumhacht chun táillí a ghearradh agus a ghnóthú

20. (1) Féadfaidh an Cumann cibé táillí a ghearradh a fhorordófar le ceadú an Aire ó am go ham i leith aon cheann nó gach ceann díobh seo a leanas:

- (a) clárú;
- (b) clárú leantach;
- (c) deimhnithe clárúcháin nó deimhnithe clárúcháin leantaigh a eisiúint;
- (d) athruithe a dhéanamh ar chlár faoi *alt 22(2)(a)*;
- (e) ainm a chur ar ais ar chlár faoi *alt 61*;
- (f) aon seirbhís eile a sholáthrófar de bhua an Achta seo.

(2) Féadfaidh an Cumann aon mhéid a bheidh dlite maidir le táille a ghearrfar faoin alt seo a ghnóthú mar fhiach conartha shimplí.

An Chomhairle do mhainneachtain feidhm a chomhlíonadh

21. (1) Má mhainníonn an Chomhairle aon fheidhm dá cuid a chomhlíonadh féadfaidh an tAire a ordú di i scríbhinn—

- (a) an fheidhm a chomhlíonadh laistigh den tréimhse ama a bheidh sonraithe san ordachán, agus
- (b) chun na críche sin, aon ní eile a dhéanamh atá coimhdeach nó teagmhasach le comhlíonadh na feidhme.

(2) Mura gcomhlíonann an Chomhairle an t-ordachán féadfaidh an tAire, le hordú, aon duine nó gach duine dá comhaltaí a chur as oifig agus an fheidhm a chomhlíonadh é féin nó í féin.

Plean seirbhíse bliantúil agus straitéis chorpáraideach bhliantúil

22. Ullmhóidh an Cumann plean seirbhíse bliantúil agus straitéis chorpáraideach bhliantúil.

Alt 16.

SCEIDEAL 2

AITHEANTAS A THABHAIRT DO CHÁILÍOCHTAÍ GAIRMIÚLA SA
CHÓGAISÍOCHT

1. Faoi réir *mhír (3)*, cinnfidh an Chomhairle iarratas ar chlárú arna dhéanamh ag duine a thairgeann cáilíocht sa chógaisíocht den sórt a luaitear in *alt 16(3), (4) nó (5)*, a luaithe is féidir tar éis na doiciméid go léir a fháil a bheidh forordaithe chun an t-iarratas a chinneadh nó a theastóidh ón gComhairle chun na gríoch sin faoi *alt 14* agus, ar aon chor, laistigh de 3 mhí tar éis iad a fháil.

2. Féadfaidh an Chomhairle a cheangal ar údaráis inniúla an stáit iomchuí baile—

- (a) barántúlacht dioplómaí, teastas agus fianaise eile ar cháilíochtaí foirmiúla sa chógaisíocht arna n-eisiúint sa stát sin agus dá dtagraítear in Airteagail 21, 23 agus 50 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla a dhaingniú,
- (b) a dhaingniú gur chomhlíon duine a thairgeann cáilíocht den sórt a luaitear i *mír (1)* na ceanglais oiliúna íosta a shonraítear in Airteagal 23 nó, de réir mar a bheidh, 44 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla.

3. Déantar leis seo an Chomhairle a ainmniú, chun críocha Airteagail 50.1 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla, mar an t-údarás inniúil sa Stát chun dioplómaí, teastais agus doiciméid eile maidir le hoideachas don chógaisíocht, cáilíochtaí sa chógaisíocht agus cleachtadh na cógaisíochta a éileamh agus a fháil agus a eisiúint.

4. Déanfaidh an Chomhairle rúndacht faisnéise arna fáil faoi Airteagal 50.1 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla a chinntiú.

5. I gcás go dtabharfaidh an Chomhairle faisnéis do stát iomchuí faoi Airteagal 50 den Treoir um Cháilíochtaí Gairmiúla, beidh feidhm na forálacha seo a leanas—

- (a) déanfar an tréimhse is ionann agus an tréimhse sin dar tosach an lá a thabharfar an fhaisnéis don stát iomchuí agus dar críoch an lá a thabharfaidh an stát iomchuí sin a fhreagra, nó 3 mhí, cibé acu is giorra, a chur mar fhadú leis an tréimhse 3 mhí dá dtagraítear i *mír (1)*,
- (b) mura dtabharfaidh an stát iomchuí sin a fhreagra laistigh den tréimhse 2 mhí a shonraítear i *mír (1)(d)* d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir sin agus mura ndéanfar dearbhú faoi mhóid nó dearbhú sollúnta a chur in ionad na ndoiciméad dá dtagraítear sa *mhír sin*, de réir mar a fhoráiltear leis an *mír sin*, ansin, i gcás go mbeidh an Chomhairle den tuairim, ag féachaint don fhaisnéis sin agus don fhaisnéis sin amháin, nach gcomhlíonann an duine a bhfuil an t-iarratas, lena mbaineann an fhaisnéis, á dhéanamh aige nó aici *alt 14(1)(d) nó (f)*, diúltóidh sí an duine sin a chlárú.

6. Le linn duine a chlárú faoi *alt 14* arna léamh le *halt 16(2)(b)*—

- (a) féadfaidh an Chomhairle coinníoll a fhorchur á cheangal ar an duine, nuair a dhéanann sé nó sí aon teideal, stádas nó cáilíocht eile acadúil a shonrófar sa choinníoll a dhearbhú nó a úsáid ar shlí eile, ar teideal, stádas nó cáilíocht é nó í atá iomchuí maidir le clárú an duine, a léiriú cé a thug nó a bhronn an céanna,
- (b) féadfaidh an Chomhairle, má tá sí den tuairim go bhféadfaí a thuiscint go léiríonn aon teideal, stádas nó cáilíocht den sórt sin atá iomchuí amhlaidh gur ghabh an duine do chlár oideachais seachas an clár oideachais dár ghabh sé nó sí, coinníoll a fhorchur á cheangal ar an duine, nuair a dhéanann sé nó sí an teideal, an stádas nó an cháilíocht a dhearbhú nó a úsáid ar shlí eile, déanamh amhlaidh ar shlí a shonrófar sa choinníoll nó a ordóidh an Chomhairle thairis sin.

7. Mura gcomhlíonann duine coinníoll arna fhorchur faoi *mhír 6*, féadfaidh an Chomhairle, gan a thuilleadh—

- (a) clárú an duine a fhionraí ar feadh tréimhse sonraithe, nó
- (b) clárú an duine a chealú,

amhail is dá mba faoi *alt 45* é.

8. Beidh feidhm ag *ailt 49* go *52* maidir le coinníoll nó smachtbhanna arna fhorchur faoin Sceideal seo mar atá feidhm acu maidir le ceann arna fhorchur faoi *Chuid 6*.

9. Le linn iarratas ar chlárú faoi *alt 14* arna léamh le *halt 16(2)(b)* a bhreithniú, cuirfidh an Chomhairle i gcuntas aon oiliúint iomchuí faoina ndeachthas nó aon taithí a fuarthas i dtríú tír.

10. Sa Sceideal seo—

- (a) ciallaíonn “stát iomchuí baile”, i ndáil le cógaiseoir, an stát iomchuí ina bhfuair an cógaiseoir a dhíoplóma nó a díoplóma, a theastas nó a teastas nó a cháilíochtaí nó a cáilíochtaí eile sa chógaisíocht nó ina bhfuil sé nó sí cláraithe mar chógaiseoir,
- (b) tá le habairtí a úsáidtear freisin in *alt 16* na bríonna céanna atá leo san alt sin.

Alt 69.

SCEIDEAL 3

DEIMHNIÚ INA LUAITEAR TORTHAÍ TÁSTÁLA, SCRÚDAITHE NÓ ANAILÍSE

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, an deimhniú seo a eisiúint chun críocha *alt 69* den *Acht Cógaisíochta 2007*, arb éard atá ionam—

1.

Deimhním leis seo go bhfuair mé, an lá de

....., ó ^{2.}

.....

..... as

..... sampla den ní iomchuí/an ní iomchuí*,

arb éard é ^{3.}

..... chun é a thástáil, a scrúdú nó a anailísiú; ar ní é

a bhí gan damáiste, a bhí séalaithe go cuí agus a raibh an méid seo

a leanas marcáilte air ^{4.}

.....

Deimhním ina theannta sin go bhfuil an sampla/an ní iomchuí sin arna thástáil, arna scrúdú nó arna anailísiú agam nó faoi mo threoir agus gur mar seo a leanas na torthaí— ^{5.}

.....

.....

Síniú

Dáta

Seoladh

.....

.....

1. Cuir isteach anseo teideal oifigiúil an duine ag a bhfuil an deimhniú á shíniú.
2. Cuir isteach anseo ainm an oifigigh údaraithe a chuir an sampla den ní iomchuí, nó an ní iomchuí féin, de réir mar a bheidh, isteach.
3. Cuir isteach anseo ainm nó tuairisc an ní iomchuí.
4. Cuir isteach anseo aon mharc sainiúil ar an sampla den ní iomchuí, nó ar an ní iomchuí féin, de réir mar a bheidh, agus dáta na samplála mar a thaispeántar ar a choimeádán é, nó an dáta a glacadh seilbh ar an ní iomchuí, de réir mar a bheidh.
5. Cuir isteach anseo na torthaí iomchuí de réir mar is cuí.

* Scrios cibé ceann nach mbaineann.

SCEIDEAL 4

Alt 4.

NA HAHTACHÁIN A AISGHAIRTEAR

Seisiún agus caibidil nó uimhir bliana	An Gearrtheideal	Méid na haisghairme
31 Geo. 3., c. 34	<i>Apothecaries Hall Act</i> 1791	Ailt 22 go 31
38 & 39 Vic., c. 57	<i>Pharmacy Act (Ireland)</i> 1875	An tAcht go léir
53 & 54 Vic., c. 48	<i>Pharmacy Act (Ireland)</i> <i>Amendment Act</i> 1890	An tAcht go léir
8 Edw. 7., c. 55	<i>Poisons and Pharmacy</i> <i>Act</i> 1908	An tAcht go léir
1951 No. 30	An tAcht Cógaisíochta 1951	An tAcht go léir
1962 No. 14	An tAcht Cógaisíochta 1962	An tAcht go léir
1977 No. 12	An tAcht um Mí-Úsáid Drugáí 1977	Alt 32